

CLÁR na nÁBHAR

- I LÉIRMHÍNIÚ
1. CÁILIÚ AGUS LÉIRMHÍNIÚ GINEARÁLTA
- II AINM, OIFIG CHLÁRAITHE & AIDHMEANNA
2. AINM AN CHUMAINN
3. OIFIG CHLÁRAITHE
4. AIDHMEANNA AN CHUMAINN
- III BALLRAÍOCHT
5. BALLRAÍOCHT
6. IARRATAS BALLRAÍOCHTA
7. BAILL FAOIN AOIS IOMLÁN
8. SCOR BALLRAÍOCHTA
9. CLÁR BAILL AGUS COMH-SCAIRSHEALBHÓIRÍ
10. IONTAOBH AIS NACH NAITHNÍTEAR
- IV FIONRAÍ, DÍBIRT & CEALÚ BALLRAÍOCHTA
11. DÍBIRT
12. CEALÚ BALLRAÍOCHTA
13. SCAIREANNA LE BAILL NACH MAIREANN NÁR HÉILÍODH
14. BAILL NACH BHFUIL TUAIRISC ORTHU
- V SCAIRCHAIPITEAL
15. SCAIRCHAIPITEAL
16. ÚS AR GHNÁTHSCAIREANNA
17. SCAIREANNA A CHEALÚ, LIAN AR SCAIREANNA AGUS DÍOLACHÁN CHUN FIACHA A ÍOC
- VI AISTRIÚ & TARCHUR SCAIREANNA, AINMNIÚCHÁIN
18. AISTRIÚ SCAIREANNA
19. AINMNIÚCHÁN
20. BAILL NACH MAIREANN
21. BAILL NACH BHFUIL SLÁN MHEABHRACH
22. AISTRIÚ CHUIG NÓ AR SON BALL NACH MAIREANN, BALL FÉIMHEACH NÓ BALL NACH BHFUIL SLÁN MHEABHRACH
- VII IASACHT, CUMHACHTAÍ IASACHTA
23. IASACHTAÍ AGUS FÁIL AR IASACHTAÍ
24. COINNÍOLLACHA A BHAINNEANN LE STOC IASACHTA NÓ STOC IASACHTA
INSÓINSEÁILTE
- VIII INFHEISTITHE, IASACHTAÍ CHUIG BAILL
25. INFHEISTÍOCHT
26. CEAPACHÁN IONADAÍ AR BHORD NÓ AR CHOISTE
- IX CRUINNITHE GINEARÁLTA
27. CRUINNITHE GINEARÁLTA BÍODH SIAD GNÁTH NÓ SPEISIALTA
28. FÓGRA DON CHRUINNIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL
29. GNÓ AN CHRUINNIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL
30. CRUINNÍÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL A THIONÓL
31. FÓGRA DO CHRUINNIÚ GINEARÁLTA SPEISIALTA
32. CÓRAM LE HAGHAIDH CRUINNITHE GINEARÁLTA
33. CATHAOIRLEACHT A DHÉANAMH AR CHRUINNITHE GINEARÁLTA
34. VÓTÁIL AG CRUINNITHE GINEARÁLTA
35. VÓTA RÉITIGH
36. GAN SEACHVÓTÁIL
37. LEANÚINT LE GNÓ AR FEITHEAMH BALLÓID
38. DAOINE NACH BHFUIL I DTEIDEAL FREASTAL AR CHRUINNITHE GINEARÁLTA
39. CRUINNÍÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL A CHUR AR ATHLÓ
- X COISTE BAINISTÍOCHTA
40. CUMHACHTAÍ AGUS GNÍOMH DÉANTA AG AN GCOISTE BAINISTÍOCHTA
41. LUACH SAOHAIR AGUS COSTAIS
42. BAILL AN CHOISTE A CHUR AS OIFIG
43. MÉID, COMHDHÉANAMH AGUS TOGHCHÁN AN CHOISTE
44. CRITÉIR CÁILÍOCHTA DUINE A THOGHADH AR AN GCOISTE
45. CORR FHOLÚNTAIS

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

46. CRUINNITHE COISTE
47. CATHAOIRLEACH
48. RÚNAÍ
49. OIFIGÍGH A CHUR AS OIFIG
50. FOCHOISTÍ
51. DÍCHÁILIÚ BALL DEN CHOISTE
52. NÓS IMEACHTA TOGHCHÁIN
- XI BAINISTEOIR, RUNAÍ, CUNTAIS BANC
53. BAINISTEOIR
54. RÚNAÍ
55. CUNTAS BAINC
- XII CLEAMHNÚCHÁIN AGUS TOBHAIGH
56. CLEAMHNÚCHÁIN
57. TOBHAIGH
- XIII OIBLEAGÁIDÍ REACHTÚLA, ILGHNÉITHEACH
- 58. DÍOSPÓIDÍ**
- 59. LEASAITHE AR RIALACHA**
- 60. AINM**
- 61. SÉALA**
- 62. RÚIN SPEISIALTA**
- 63. INIÚCHÓIR & CUNTAIS**
- 64. TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL**
- 65. TUAIRISCEÁN TRÍBHLIANTÚIL**
- 66. CÓIPEANNA DEN TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL**
- 67. CLÁR COMHARDAITHE**
- 68. RIALACHA**
- 69. SCRÚDÚ AR CHUNTAIS AG BAILL**
- 70. SCRÚDÚ AN CHLÁRAITHEORA**
- 71. IARRATAS CHUIG CLÁRAITHEOIR**
- XIV LEITHDHÁILEADH BARRACHAIS
72. IARRATAS BARRACHAIS
73. SCAIREANNA BÓNAIS
- XV FÓGRA CRUINNITHE
74. EISIÚINT FÓGRA
75. BAILL TAOBH AMUIGH D'ÉIRINN
76. FÓGRAÍ CHUIG COMH-SCAIRSHEALBHÓIRÍ
- FOIRM A. IARRATAS AR GHNÁTHSCAIREANNA DO DHUINE AONAIR
- FOIRM B. IARRATAS AR SCAIREANNA DO CHUMANN NÓ COMHLACHT CORPRAITHE EILE
- FOIRM C. FOIRM CHUN AISTRIÚ A DHÉANAMH IDIR DAOINE AONAIR
- FOIRM D. FOIRM CHUN AISTRIÚ A DHÉANAMH IDIR CUMAINN NÓ COMHLACHTAÍ CORPRAITHE EILE
- FOIRM E. FOIRM CEAPACHÁIN TOSCAIRE
- FOIRM F. FOIRM AINMNIÚCHÁIN

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

NÓTA: Is cóipcheart agus maoin Chumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann Teoranta na rialacha seo. Níl cead ag aon Chumann iad a úsáid ná a leasú, ar bheith glactha leo, gan cead i scríbhinn ó Chumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann Teoranta.

RIALACHA

CHOMHARCHUMANN Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh, TEORANTA

I LÉIRMHÍNIÚ

1. CÁILIÚ AGUS LÉIRMHÍNIÚ GINEARÁLTA.

I bhforléiriú na rialacha seo, beidh na bríonna a luaitear anseo ag na focail agus na ráitis seo a leanas, faoi seach, ar choinníoll nach mbeidh a leithéid de mhíniú i gcoimhlint le hábhar an Riail ná an comhthéacs.

- a) Áireofar i bhfocal atá uatha nó iolra, ciall an fhocail sin san uimhir uatha agus san uimhir iolra chomh maith;
- b) Áireofar i bhfocail a bhfuil an chiall firinsneach ag dul leo an chiall baininsneach chomh maith;
- c) Ciallóidh “Cumann” Cumann atá cláraithe faoi na hAchtanna;
- d) Ciallóidh “na hAchtanna” na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 1978;
- e) Ciallóidh “na Rialacháin” na Rialacháin faoi na hAchtanna a bhaineann leis na Cumainn Tionscail agus Soláthair de thuras an uaire;
- f) Ciallóidh “Rún Speisialta” Rún a ritheadh de réir Alt 51 de na hAchtanna 1893, mar a leasaíodh iad;
- g) Ciallóidh “Cuideachta” cuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí;
- h) Ciallóidh “Comhlacht Corpraithe” aon Chumann, Foras, Comhlachas, Cuideachta nó comhlacht atá corpraithe a bhfuil dliteanas teoranta aige;
- i) Beidh Cumann, Cuideachta nó Comhlacht Corpraithe eile i gceist i measc na dtéarmaí “sé”, “é”, “siad”, “iad” agus “duine”;
- j) Ciallóidh “Cláraitheoir” Cláraitheoir na gCara-Chumann in Éirinn;
- k) Ciallóidh “An Cumann” an Cumann lena dtagraíonn na rialacha seo;
- l) Ciallóidh na “Baill Speisialta” na sínitheoirí a bhí ar an mbuniarratas chun an cumann a chlárú;

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

- m) Ciallóidh “An Bord” Bord Bainistíochta an Chumainn de thuras an uaire a ndéantar foráil dó i gCaibidil X de na Rialacha seo;
- n) Ciallóidh “Ball” duine aonar nó Cumann nó Cuideachta nó Comhlacht Corpraithe eile a dtugtar ballraíocht sa Chumann dó agus a mbíonn an líon scaireanna is cóir ina seilbh;
- o) Ciallóidh “Buanorduithe” na buanorduithe, más ann dóibh, atá glactha ag an gCoiste chun críche nós imeachta rialaithe a bhaint amach ag Cruinnithe Ginearálta agus ag cruinnithe an Choiste;
- p) Ciallóidh “CCE” Cumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann Teoranta.
- q) Ciallóidh “Suibscríbhinn Bliantúil” a leithéid de líon airgid, más ann dó, de réir mar a chinnfidh an Coiste a thabharfaidh na Baill go bliantúil don Chumann mar ranníocaíocht chun an Cumann a reáchtáil.
- r) Ciallóidh “Comharchumann Gaeltachta” comharchumann a bhfuil a sheoladh cláraithe i réigiún ainmnithe Gaeltachta.

II AINM, OIFIG CHLÁRAITHE & AIDHMEANNA

2. AINM AN CHUMAINN

Is é an t-ainm a bheidh ar an gcumann ná:

Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

3. OIFIG CHLÁRAITHE:

- a) Beidh oifig chláraithe an Chumainn i:

Halla Le Chéile, Bréanainn, Trá Lí, Co. Chiarraí

- b) Is féidir leis an gCoiste an oifig chláraithe a athrú. Cuirfear in iúl don Chláraitheoir faoi athrú den chineál sin laistigh de 14 lá.

4. AIDHMEANNA AN CHUMAINN

Is iad na haidhmeanna a bheidh ag an gCumann ná:

- a. An Ghaeilge agus an cultúr a chur chun cinn i bpobail Ghaeltachta trí fhorbairt agus cothú earraí agus seirbhísí eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus timpeallachta.
- b. Deiseanna fostaíochta a fhorbairt go díreach agus go hindíreach laistigh de dhobharcheantar an Chomharchumainn.

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

- c. Cláir thraenála agus forbartha a fhorbairt agus a sheachadadh a mbeadh baint ag an gCumann leo nó i bpáirtíocht le comhlachtaí eile a rachadh chun leasa na mball agus an pobal tríd is tríd, áireofar sna cláir iad seo a leanas, ach ní bheidh sé teoranta dóibh; teanga agus cultúr na Gaeilge, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, ceannaireacht, gnó, cláir phobail agus scileanna.
- d. Bonneagar áitiúil a fhorbairt lena n-áireofar iad seo a leanas ach ní bheidh sé teoranta dóibh; bóithre, aerfoirt, céanna, calafoirt, leictreachas, leathanbhanda agus teicneolaíochta eile cumarsáide, comharthaíocht, uisce agus áiseanna bruscair.
- e. Earraí agus seirbhísí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí spóirt agus caithimh aimsire sa phobal a chur chun cinn agus bheith i ngleic leo.
- f. Cláir chultúrtha agus teangacha agus ócáidí den chineál céanna a chur chun cinn agus bheith i ngleic leo.
- g. Idirbheartaíocht a dhéanamh le agus uiríolla a dhéanamh chuig gach comhlacht AE, comhlacht Idirnáisiúnta, comhlacht Stáit agus comhlacht leathstáit agus/nó a gcuid ionadaithe ar son an Chumainn.
- h. Páirt a ghlacadh i ngach scéim tacaíochta ag an AE a bheadh mar bhuntáiste ag an gCumann agus a chuid baill.
- i. Idirbheartaíocht a dhéanamh le haon chumann, cuideachta, comhlacht corpraithe nó duine aonar agus comhpháirtíocht a chruthú leo chun feabhas a chur ar an réimse seirbhísí atá á dtairiscint ag an gCumann.
- j. Ceannacht, díol agus déileáil go ginearálta, i mórdhíol nó i miondíol, le táirgí talmhaíochta, iascaireachta, feirmeoireacht iascaireachta, dobharshaothrú agus foraoiseachta agus cuirtear san áireamh fotháirgí ina measc sin agus i ngach rud riachtanach a bheadh áisiúil nó ina bhuntáiste ag baill an Chumainn.
- k. Rathúnas na mball a mhéadú le gníomhaíocht comharchumainn san earnáil fuinneamh in-athnuaite tríd an fás, tairgeadh, déantúsaíocht, bailiú, grádú, pacáil, iompar, próiseáil, margaíocht, trádáil, cur chun cinn agus seachadadh de gach cineál fuinneamh gaoithe agus tonnta, barraí agus breoslaí bithmhaise agus foinsí d'fhuinneamh malartach eile.
- l. Ceannacht, díol agus déileáil go ginearálta, i mórdhíol agus i miondíol, le gach barra agus breosla bithmhaise agus teicneolaíochtaí fuinneamh

- in-athnuaite, lena n-áirítear fotháirgí dóibh sin agus i ngach rud riachtanach a bheadh áisiúil nó ina bhuntáiste ag bail an Chumainn.
- m. Árachas a chur chun cinn agus a spreagadh i measc na mball.
- n. Gníomhaireachtaí a bhunú, a rialú agus a scor agus tabhairt faoi gach cineál gnó gníomhaireachta agus é a chur i gcrích.
- o. Lucht oibre le haghaidh tógáil, forbairt, cothabháil agus riarachán cuí agus obair eile a fhostú agus a chur ar fáil don Chumann agus do dhaoine eile.
- p. Chun talamh d'aon tionacht, foirgnimh, maoin agus sócmhainní de gach saghas, lena n-áirítear an tógáil, deisiú, athrú nó fáil réidh le foirgnimh, ballaí, sconsaí agus mar sin de, a fháil, a léasú, a fholéasú, a cheannach, a choinneáil, a dhíol, a chur ar chíos, a mhorgáistiú, a bhainistiú agus a fhorbairt agus déileáil leo ar aon chaoi eile.
- q. Aon Chumann, Cuideachta nó Comhlacht Corpraithe a dhéanann aon ghníomhaíocht nó trádáil, a fháil, a léasú nó a fholéasú dá rachadh an bunú, fáil nó infheistíocht sin chun leasa na mball.
- r. Aon chonarthaí réadmhaoine cuideachta uile nó cuid de nó dliteanas aon chuideachta, cumann, páirtíocht nó duine eile ag déanamh aon ghnó bíodh sé anseo nó in aon dlínse eile a cheannach nó é a fháil ar bhealach eile nó tabhairt faoi, a bhfuil cead ag an gCumann a dhéanamh nó gnó den chuma céanna nó cosúil leis nó a bhfuil baint aige leis nó aon mhaoin atá acu a bheadh feiliúnach le haghaidh aon chúis don Chumann agus aon saghas gnó a bhaint amach nó a leanúint ar aghaidh nó a leachtú nó deireadh a chur leis.
- s. Socraithe a dhéanamh le daoine a bhfuil baint acu le haon trádáil, gnó, nó gairm le haghaidh lamháltas do bhaill an Chumainn d'aon chearta, pribhléidí agus buntáistí speisialta, agus go háirithe maidir le soláthar earraí agus seirbhísí.
- t. Pinsin, blianachtaí, aiscí, aoisliúntais, sochair mhorthlaíochta nó cúnamh carthanachta a chur ar fáil a thabhairt nó a dhámhachtain ar aon duine atá nó a bhí fostaithe nó a thug seirbhís, nó a thug seirbhís don Chumann agus do mhná céile, páistí agus gaolta eile nó cleithiúnaithe daoine den sórt sin agus cistí aoisliúntais nó scéimeanna chun na críche sin a shocrú suas, a bhunú, a thacú agus a chothabháil agus dul i bpáirt leo nó ar chuma eile cuidiú le hinstiúidí carthanachta, dea-mhéiniúil, eolaíoch, cultúrtha, náisiúnta nó instiúidí, taispeántais nó aidhmeanna

eile atá morálta nó a bhfuil aighneacht eile acu chun tacaíocht nó cabhair a fháil ón gCumann mar gheall ar an gceantar gníomhaíochta ina bhfuil siad nó eile.

- u. Airgead a thabhairt ar chíos agus a réamhíoc chuig baill de réir fhorálacha Alt 40 den Acht, nó creidmheas a thabhairt do dhaoine den sórt sin faoi téarmaí den sórt sin a bheadh caoithiúil agus ar choinníoll urrúis ar féidir leis an gCoiste a chinntiú agus go háirithe chuig custaiméirí agus daoine eile a mbeadh déileáil acu leis an gCumann.
- v. Íocaíocht nó aisíocaíocht airgid nó léiriú aon dliteanas conradh nó oibleagáid d'aon duine, cuideachta, cumann, comhlachas nó gnólacht a rathú nuair is é tuairim an Choiste go mbeadh tabhairt an rathú sin go díreach nó go hindíreach ar mhaithe le nó teagmhasach do ghnó nó trádáil an Chumainn.
- w. Dul isteach i gcomhaontaithe le haon duine, cuideachta, cumann, comhlachas nó gnólacht chun ceannach nó fáil a fháil ó dhuine, cuideachta, comhlachas nó gnólacht d'aon scair, stoc, bintiúir, stoc bintiúir, nó urrús eile d'aon chuideachta nó cumann ar bhonn téarmaí agus coinníollacha den sórt sin agus bíodh sé go hiomlán nó teagmhasach de réir mar a chinnfidh an Coiste ar choinníoll gur scaireanna cuideachta nó cumann, ar dáta chomhaontú dá chineál, iad na scaireanna, stoc, bintiúir, stoc bintiúir, nó urrús atá faighte nó atá le fáil atá i mbun gnó nó gnóthaí a mbeadh cumhacht ag an gCumann a leanúint ar aghaidh.
- x. Dul isteach i gcomhaontaithe le haon duine, cuideachta, cumann, comhlachas nó gnólacht a rialaíonn an bealach a vótálfadh an Cumann nó an bealach a bhféadfadh sé vótáil maidir le haon scair, stoc, bintiúir nó stoc bintiúir atá a choinneáil aige in aon chumann nó cuideachta, comhlachas nó gnólacht.
- y. Bheith i mbun malartú airgid agus idirbhearta ráta úis, iad seo a leanas ina measc ach gan teorainn leo, déileáil le hairgeadra eachtrach, conarthaí malartaithe ráta réamhíochta agus spota, todhchaíochtaí, roghanna, comhaontú ar réamhráta, babhtáil, caidhpeanna, bonnsraitheanna, uasteorainn agus malartán eachtracha eile no socraithe fálú rátaí úis agus uirlisí eile atá cosúil leo, nó a eascraíonn ó aon cheann de na nithe luaithe roimhe seo bíodh an aidhm chun brabús a dhéanamh nó cailteanas a sheachaint nó bainistiú a dhéanamh ar

airgreadra nó easpa cosanta ráta úis nó aon easpa cosaint eile nó le haghaidh aon chúis eile.

- z. Bheith i mbun aon ghnó nó idirbheart, go ginearálta, a bhféadfadh an Cumann féachaint air bheith go díreach nó go hindíreach ar mhaithe le leasa nó caoithiúlachta na mball nó de bhun i ndiaidh seo, agus gach rud a dhéanamh a bheadh riachtanach ó am go ham chun aon cheann de na aidhmeanna nó aon cheann dóibh mar a dúradh a bhaint amach.

III BALLRAÍOCHT

5. BALLRAÍOCHT

- a) Is iad a bheidh sa Chumann ná daoine, Cumainn eile, Cuideachtaí atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí nó Comhlacht Corpraithe eile atá corpraithe faoi aon Acht eile den Oireachtas ar féidir leis an gCumann freastal orthu, agus de réir mar a thugann na Baill Speisialta nó an Coiste, ina lán-discréid, ballraíocht iomlán dóibh. Déanfaidh iarratasóir iarratas ballraíochta chun a leithéid trí suibscríobh a dhéanamh ar scair amháin no níos mó sa Chumann mar a ordaíonn an Coiste ó am go ham ach ní cheadófar ballraíocht d'aon duine nach bhfuil suibscríbhinn ar a laghad de chéad gnáthscair luach euro amháin an ceann sa Chumann a bheith acu ar dtús.
- b) Is féidir ionadaíocht a dhéanamh ar son gach Cumann, Cuideachta nó Comhlacht Corpraithe ar tugadh ballraíocht dó le troscuire amháin ar féidir leis vótáil ar son an chumainn, chuideachta nó comhlacht corpraithe sin ag gach cruinniú ginearálta den Chumann, fad a bheidh sé ceaptha, ar choinníoll go dtugann an rúnaí agus dhá bhall nó stiúrthóir den choiste, ar an gCumann, cuideachta nó comhlacht corpraithe luaite, fianaise lena shíniú agus séala an chumainn, chuideachta nó comhlacht corpraithe gur cheap a Choiste é chun é sin a dhéanamh.
- c) Ní bheidh aon duine, nó Comhlacht Corpraithe, i dteideal bheith ina bhall nó fanacht ina bhall den Chumann má cheapann an Coiste go bhfuil baint aige go díreach nó go hindíreach le haon ghnó a bheadh i gcomórtas le nó a dhéanfadh dochar a dhéanamh den ghnó a bhfuil baint ag an gCumann leis. Sa chás go dtarlódh sé nach mbeadh ball i dteideal bheith ina bhall faoin gcuntar seo, cuirfear fógra chuig an ball á chomhairliú faoina stádas. Beidh 30 lá ag an ball chun freagra a thabhairt i scríbhinn nó go pearsanta chuig an

gCoiste faoin moladh deireadh a chur lena bhallaíocht. Is féidir le duine amháin eile dul in éineacht leis an mball chun freagra a thabhairt os comhair an Choiste más go pearsanta a thabharfar an freagra. Déanfaidh an Coiste léirmheas ar an bhfreagra agus cinnfidh sé an gceaptar fós go bhfuil an ball gafa le gnó a rachadh chun dochar leasa an Chumainn nó gnó a bheadh i gcomórtas leis an gnó a bhfuil baint ag an gCumann leis. Sa chás go socraíonn an Coiste trí Rún go bhfuil baint ag an ball lena leithéid de ghnó, tiocfaidh deireadh lena bhallaíocht láithreach agus pé suim atá íoctha nó curtha chun sochar ar an scair nó scaireanna a raibh úinéireacht aige orthu sa Chumann lúide pé suim a bhí le híoc aige chuig an gCumann, tairgfear chuig an ball é nó taiscfear chuig cuntas taisce i mBanc é ionas go mbeidh fáil ag an mball air ag aon am nó foilseofar chuig an ball mar Stoc Iasachta é mar a fhoráiltear i Riail 23 agus ní bheidh aon chineál éileamh in aghaidh an Choiste nó in aghaidh an Chumainn mar gheall ar scriosadh ainm an bhaill ráite ó scairchlár an Chumainn nó mar gheall ar chealú a scair nó a chuid scaireanna sa Chumann. Is ag an gCoiste a bheidh an cinneadh deireadh maidir leis an ábhar.

- d) Tá baol ann go gcaithfidh baill Suibscríbhinn Bliantúil a íoc mar ranníocaíocht i dtreo feidhmiú an Chumainn agus chun cuidiú costais reatha an Chumainn a ghlanadh. Is é an Coiste a chinnfidh méid an Suibscríbhinn Bliantúil, más ann dó, agus na téarmaí agus na coinníollacha maidir le híocaíocht an Suibscríbhinn Bliantúil agus mura n-íocfar an Suibscríbhinn Bliantúil taobh istigh den tréimhse ama a chinnfidh an Coiste ó am go ham, caillfidh an ball an ceart páirt a ghlacadh ar aon bhealach in aon cruinniú nó toghchán sa Chumann.
- e) Ní bheidh aon cheart ag aon bhall, a bhfuil scair acu sa Chumann, más rud é go bhfuil a Shuibscríbhinn Bliantúil i riaráiste. Ceilfear pribhléidí ballraíochta gan réamhchlaonadh. Bainfear pribhléidí ballraíochta ó bhall más rud é go bhfuil a tháille bliantúil nó a shuibscríbhinn i riaráiste gan réamhchlaonadh a dhéanamh ar chearta an chumainn na riaráistí atá dlite a fháil ó na baill.

6. IARRATAS BALLRAÍOCHTA

- a) I gcás duine aonair, ba cheart go ndéanfaí iarratas ballraíochta don Chumann chuig an gCoiste ar Fhoirm A a thugtar san Aguisín a théann leis na Rialacha seo nó chomh gar agus a ligfidh an cás cead dhó.

- b) I gcás Cumann, ba cheart go ndéanfaí iarratas ballraíochta don Chumann chuig an gCoiste ar Fhoirm B a thugtar san Aguisín a théann leis na Rialacha seo nó chomh gar agus a ligfidh an cás seo cead dhó.
- c) Déanfaidh an Coiste breithniú chomh luath agus atá sé praiticiúil ar iarratais a rinneadh ar Fhoirm A nó ar Fhoirm B tar éis na hiarratais sin a bheith faighte agus tabharfar fógra an bhfuil cead isteach nó eile ag an iarratasóir tar éis an chruinniú ar rinneadh breithniú ar an iarratas. Nuair a dhiúltófar iarratas ballraíochta, ní bheidh ar an gCoiste aon chúis a thabhairt le haghaidh an diúltú sin.
- d) Íocfar Gnáthscaireanna in aon bhealach a chinnfidh an Coiste ó am go ham ar choinníoll go mbeidh, i gcónaí, ar a laghad fógra cheithre lá déag (14) tugtha d'aon lorg seolta chuig seoladh cláraithe gach ball.
- e) Gan réamhchlaonadh a dhéanamh ar aon mhodh athghabhála eile atá ar fáil beidh an chumhacht ag an gCoiste gach lorg a bhailiú tríd an suim ata dlite a bhaint ón suim atá le híoc ag an gCumann don Bhall le haghaidh aon earra nó seirbhís a chuir an Ball sin ar fáil.

7. BAILL FAOIN AOIS IOMLÁN

Féadfaidh le duine faoin aois iomlán ó thaobh an Acht um Lán-Aois 1985, ach a bheith os cionn sé bliana déag d'aois (16), bheith ina bhall den Chumann agus sult a bhaint as na cearta uile a bhíonn ag ball (ach amháin mar a chuireann na hAchtanna ar fáil) agus féadfaidh sé gach gléas a fhorgníomhú agus gach maitheamh riachtanach a thabhairt chun forgníomhú nó atá tugtha faoi na Rialacha, ach ní bheidh sé ina bhall den Choiste agus ní bheidh oifig aige sa Chumann.

8. SCOR BALLRAÍOCHTA

Beidh scor ballraíochta ar dhuine 'ipso facto' mura mbeidh scaireanna ag an duine sa Chumann mar gheall ar aistriú, cealú, díbirt, fuascailt nó eile. Níl cead ag ball scaireanna a aistharraingt ón gCumann ar aon chúis eile.

9. CLÁR BAILL & COMH-SCAIRSHEALBHÓIRÍ

Coinneoidh an Rúnaí leabhar Scairchláir ag oifig chláraithe an Chumainn ina mbeidh taifead ar gach sonra a bhaineann leis an leithdháileadh, úinéireacht agus aistriú na scaireanna. Beidh an Scairchláir ina fhianaise chonclúideach ar an líon scair atá ag gach ball.

Má tá beirt nó níos mó cláraithe mar chomh-scairshealbhóirí ar Scaireanna, is é an chéad duine atá ainmnithe sa chlár an t-aon duine atá i dteideal freastal ar chruinniú den Chumann agus vóta a chaitheamh, ar choinníoll, áfach, go bhféadfaidh an chéad duine ainmnithe sin fógra i scríbhinn a thabhairt don Rúnaí ar a laghad cúig lá roimh dháta cruinniú den sórt sin a bheith ag an gCumann chun duine de na daoine eile atá ainmnithe mar chomh-scairshealbhóirí a ainmiú chun freastal agus vóta a chaitheamh ag an gcruinniú ina áit. Beidh an chumhacht ag aon duine de na comh-scairshealbhóirí admháil bailí a thabhairt le haghaidh aon ús nó díbhinn a íocfar dá dhroim sin.

10. IONTAOBHAIS NACH nAITHNÍTEAR

Seachas anseo mura bhforáiltear a mhalairt beidh an Cumann i dteideal caitheamh leis an sealbhóir cláraithe ar scair mar an úinéir iomlán de, agus mar sin de ní bheidh iallach air, ach amháin nuair a thabharfar ordú ó chúirt dlínse inniúil nó de réir mar is gá le reachtaíocht, aon éileamh cothromasach nó aon éileamh eile a dhéanamh nó ús ar Scair dá leithéid ar son aon duine eile a thabhairt.

IV FIONRAÍ, DIBIRT & CEALÚ BALLRAÍOCHTA

11. DÍBIRT

- a) Féadfar fionraí nó díbirt a chur ar bhall má fhaightear ciontach é as iompar a rachadh chun dochar an Chumainn, ar choinníoll:
- i Go ndéanfaidh an Coiste nó aon fhochoiste den Choiste tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar na fíricí moladh chuig Cruinniú Ginearálta Speisialta go gcuirfí ar fhionraí nó ar díbirt é.
 - ii Go bhfaigheadh sé na sonraí iomlána, i scríbhinn, fiche ocht (28) lá roimhe sin, faoin gcúis atá curtha ina leith; agus
 - iii Go mbeidh tríocha (30) lá ag an mball chun freagra a thabhairt ar an moladh é a dhíbirt i scríbhinn nó go pearsanta chuig an gCoiste nó fochoiste den Choiste.
 - iv Go bhféadfaidh duine amháin eile dul in éineacht le ball atá ag iarraidh freagra a thabhairt go pearsanta chuig an gCoiste nó fochoiste an Choiste.
 - v Go vótálfaidh ar a laghad dhá thrian de na baill atá i láthair agus atá chun vóta a chaitheamh ag cruinniú speisialta ar son é a fhionraí nó é a dhíbirt.

b) Sa chás go ndéanfaidh an Coiste nó fochoiste den Choiste moladh trí rún ball a chur ar fionraí faoi chlásal a) thuas ar feadh tréimhse sonraithe agus aontaíonn ar a laghad dhá thrian de bhaill an Choiste atá i láthair agus ag vótáil ag cruinniú ginearálta speisialta a ghlaodh ar son an aidhm sin go cuirfear an ballraíocht ar fionraí láithreach ar feadh an tréimhse sonraithe agus beidh na cearta uile ar fionraí chomh maith leis an gceart freastal ar chruinnithe an Chumainn, ar feadh an tréimhse sin agus ní bheidh aon chineál éileamh in aghaidh an Choiste ná an Chumainn mar gheall ar scriosadh ainm an bhaill sin ó scairchláir an Chumainn ná ar chealú a scair nó a chuid scaireanna sa Chumann. Is ag an gCoiste a bheidh an cinneadh deiridh maidir leis an ábhar.

c) Sa chás go ndéanfaidh an Coiste cinneadh trí rún ball a dhíbirt faoi chlásal a) thuas agus go n-aontaíonn ar a laghad dhá thrian de bhaill an Choiste atá i láthair agus ag vótáil ag cruinniú ginearálta speisialta a glaodh ar son an aidhm sin, cuirfear deireadh láithreach lena bhallraíocht agus aon suim atá íoctha ag an mball nó atá i sochar ar an scair nó scaireanna a raibh úinéireacht aige orthu sa Chumann lúide pé suim atá dlite don Chumann, forthairgfear é chuig an ball nó taiscfear i gcuntas taisece i mBanc é go mbeidh sé ar fáil don bhall ag aon am nó eiseofar chuig an Ball é mar Stoc Iasachta mar a fhoráiltear i Riail 23 agus ní bheidh aon chineál éileamh in aghaidh an Choiste nó in aghaidh an Chumainn mar gheall ar scriosadh ainm an bhaill sin ó scairchláir an Chumainn nó ar chealú a chuid scair nó scaireanna sa Chumann. Is ag an gCoiste a bheidh an cinneadh deiridh maidir leis an ábhar.

d) Is vóta dhá-thrian de na baill atá i láthair agus ag vótáil ag Cruinniú Ginearálta a bheidh in ann ball díbirthe a ligean isteach arís agus ar thairiscint go bhfuil fógra cheithre lá déag (14) tugtha dó.

12. CEALÚ BALLRAÍOCHTA

- a) Is féidir leis an gCoiste rogha a dhéanamh deireadh a chur leis an mballraíocht, scair nó scaireanna an bhall a chealú agus aon bhall a aisíoc ar an méid a d'íoc sé ar a chuid scaireanna lúide pé suim a bheadh sé dlite don Chumann más rud é nár íoc an ball aon Suibscríbhinn Bliantúil don Chumann i rith tréimhse dhá (2) bhliain cuntasaíochta an Chumainn iomlán láithreach roimhe sin, a chinnfidh an Coiste de réir fhorálacha clásal b) anseo thíos;
- b) Sa chás go ndéanfaidh an Coiste cinneadh deireadh a chur le ballraíocht ball faoin Riail seo cuirfear fógra chuig an ball ag cur comhairle air faoina stádas.

Beidh 30 lá ag an ball chun freagra a thabhairt i scríbhinn nó go pearsanta chuig an gCoiste ar an moladh deireadh a chuir lena bhallaíocht. Déanfaidh an Coiste léirmheas ar an bhfreagra, más ann dó, agus cinnfidh sé an gceaptar fós go bhfuil an ball fós ag sárú forálacha fo-chlásal a) den Riail seo. Sa chás tar éis don Choiste léirmheas a dhéanamh ar an bhfreagra sin, más ann dó, agus go gcinnfidh sé go raibh ball ag sárú fo-chlásal a) den Riail seo, cuirfear deireadh láithreach lena bhallaíocht agus aon suim atá íoctha ag an mball nó atá i sochar ar an scair nó scaireanna a raibh úinéireacht aige orthu sa Chumann lúide pé suim atá dlite don Chumann, forthairgfear é chuig an ball nó taiscfear i gcuntas taisce i mBanc é go mbeidh sé ar fáil ag an mball ag aon am nó eiseofar chuig an Ball é mar Stoc Iasachta mar a fhoráiltear i Riail 23 agus ní bheidh aon chineál éileamh in aghaidh an Choiste nó in aghaidh an Chumainn mar gheall ar scriosadh ainm an bhail sin ó scairchláir an Chumainn nó ar chealú a chuid scair nó scaireanna sa Chumann. Is ag an gCoiste a bheidh an cinneadh deiridh maidir leis an ábhar.

- c) Déanfar an t-aisíoc cibé am agus i cibé galaí de réir mar a chinnfidh an Coiste ag brath ar sástacht an Choiste nach gcuirfidh a leithéid d'aisíocaíocht cobhsaíocht airgeadais an Chumainn i gcontúirt. Ina mhalairt dá chás, is féidir leis an gCoiste, ag rogha an bhall, an aisíocaíocht a dhéanamh chuig an duine atá i gceist le Stoc Iasachta mar a fhoráiltear i Riail 23.

13. SCAIREANNA LE BAILL NACH MAIREANN NÁR HEILÍODH

- a) Más rud é;
- i go taobh istigh de shé (6) mhí féilire ón dáta a rinne an Coiste taifead i Leabhar Miontuairisce an Chumainn Rún a bheadh ag an gCoiste ón eolas áitiúil go bhfuil ball básaithe agus go bhfuil siad sásta agus ar aon ghuth faoin eolas, cibé a bhfuil an bás curtha ar fáil go foirmiúil nó nach bhfuil, agus
 - ii go bhfuil sé cláraithe ag an Rúnaí i scríbhinn chuig an gCoiste nach bhfuil aon éileamh faighte ag an gCumann ó ionadaithe pearsanta ball dá leithéid nó aon ghaolta ball dá leithéid chun scaireanna a aistriú na scaireanna i gcaipiteal an Chumainn a bhfuil gabháltas aige air, nó tar éis éileamh dá leithéid a bheith déanta nach nglacann an páirtí atá i dteideal na scaireanna leo.

Beidh cead ag an gCoiste de réir an dlí i gcás dá leithéid fógra i scríbhinn a thabhairt do dhaoine a cheapann an Coiste a bheith ina n-ionadaithe

pearsanta nó ina neasghaolta (más ann dóibh) faoin gcás agus mura gcuirfidh ionadaí pearsanta nó neasghaol dá leithéid in iúl don Chumann go bhfuil siad ag déanamh iarratas ar aistriú agus glacadh leis an aistriú sin laistigh de thrí (3) mhí féilire ó dháta fógra dá leithéid is féidir leis an gCoiste na scaireanna ráite a chealú agus gach airgead a íocadh nó a bhfuil creidiúnú déanta orthu a aistriú chuig cuntas Brabús agus Cailteanas an Chumainn.

- b) Ar éag an tréimhse trí (3) mhí ráite gan aon éileamh a bheidh faighte, nó má dhéantar éileamh ar na scaireanna agus gan glacadh leo ag an duine atá ag dul os comhair an Choiste a bhfuil teideal aige ar na scaireanna ansin agus i gcás dá leithéid de réir an dlí beidh cead ag an gCoiste Rún a rith chun na scaireanna ráite a chealú agus nuair a rithfear a leithéid de Rún measfar na scaireanna ráite uile chun na críche sin a bheith curtha ar ceal agus neamhnithe agus ní bheidh aon éileamh in aghaidh an Choiste ná an Cumann ina leith agus aistrefar gach airgead íoctha nó a bhfuil creidiúnú déanta orthu chuig cuntas Brabús agus Cailteanas an Chumainn.

14. BAILL NACH BHFUIL TUAIRISC ORTHU

- a) Más rud é ag aon am nach ndearna an ball i rith an tréimhse sé (6) bliana díreach roimhe sin:
- i Suibscríbhinn bliantúil a íoc, más ann dó nó
 - ii Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Chumainn nó
 - iii Trádáil a dhéanamh leis an gCumann nó
 - iv Suibscríobh le haghaidh scairchaipiteal an Chumainn nó aon iasacht a dhéanamh ina leith, nó
 - v Éileamh a dhéanamh ar na híocaíochtaí ús ar a scairchaipiteal agus nuair a chuirtear ar ais íocaíochtaí den sórt sin chuig an gCumann gan éileamh.

Is féidir leis an gCoiste, faoi réir na hailt seo a leanas den Riail seo, cearta ballraíochta a bhaineann lena chuid scaireanna a chur ar fionraí agus pé suim airgead atá mar ús nó díbhinn a cuireadh chuig an ball i leabhair an Chumainn maidir lena chuid scaireanna a aistriú chuig Cuntas Taisce.

- b) Ní chuirfidh an Coiste cearta ballraíochta aon bhall den sórt seo ar fionraí agus ní fhorghéillfear ná ní haistrefar aon suim faoin Riail seo:
- i Mura bhfuil fógra curtha amach chuig an ball ina luaitear go bhfuil moladh déanta a chearta a chur ar fionraí agus na fáthanna a leagan

- amach don mholadh agus na suimeanna atá lé haistriú chuig Cuntas Cúltaca a shonrú agus freagra a iarraidh laistigh de thrí (3) mhí;
- ii Ag am éagtha trí mhí eile, murar scríobh an ball chun cur in aghaidh an moladh a chearta ballraíochta a chur ar fionraí, cuirfear fógra eile chuig an ball de bharr nár chuir an Ball in aghaidh a chuid cearta a chur ar fionraí tar éis am éagtha an fhógra sin a chur i bealach aistreofar pé suim a shonraítear san fhógra chuig Cuntas Taisce;
 - iii Tar éis fógra eile a chur agus sula gcuirfear na cearta ballraíochta ar fionraí agus sula n-aistreofar an suim airgid atá sonraithe, ar éag tréimhse trí (3) mhí dá leithéid, mura bhfuil agóid scríofa ar bith faighte ón mball ag cur in aghaidh fionraíocht na cearta nó an fhorghéilleadh nó aistriú na suime .
- c) Cuirfear fógra faoin alt roimhe seo chuig an ball le post cláraithe nó seachadadh taifeadta chuig a sheoladh cláraithe agus aon seoladh eile a bhfuil a fhios ag aon bhall den Choiste go bhfanann sé ann ag am seoladh na bhfógra faoi mar a thug Ball den Choiste le fios don Choiste agus beidh ráiteas leis an bhfógra sin ag cur in iúl más mian leis an mball cur in aghaidh fionraíocht a bhallraíocht ba chóir go gcuirfeadh sé é sin in iúl i scríbhinn chuig an gCumann ag a Oifig Chláraithe laistigh de thrí (3) mhí den fhógra a sheoladh.
- d) Nuair atá cearta ballraíochta curtha ar ceal agus tá pé suim aistrithe chuig Cuntas Taisce faoin Riail seo cuirfidh an Coiste aon ús chun sochar ar an gCuntas sin a bheadh le hóc chuig an mball tar éis fionraí a chur ar a chearta ar nós nár cuireadh fionraí air agus má dhéanann aon duine a mbeadh i dteideal na cearta sin mura cuireadh ar fionraí iad iarratas orthu ag rogha an Coiste déanfaidh an Coiste ceann acu seo a leanas:
- i Na cearta a cuireadh ar fionraí a thabhairt ar ais chuige chomh maith leis an ús scaire fabhraithe uile ar an scairshealbhóireacht, nó
 - ii Luach íoctha na scaireanna a íoc leis chomh maith le gach ús scaire fabhraithe ar an ngabháltas.

V SCAIRCHAIPITEAL

15. SCAIRCHAIPITEAL

- a) Is é a bheidh i Scairchaipiteal an Chumainn ná scaireanna ar luach ainmniúil d'euro amháin (€1) an ceann, eisithe chuig daoine nuair a bheidh ballraíocht acu sa Chumann. Beidh cumhacht ag an gCoiste socrú ar an líon Gnáthscaireanna a chaithfidh aon duine aonair cur isteach air faoi réir Alt 4 d'Acht 1893 mar a leasaíodh ach ní thabharfar ballraíocht d'aon duine sa Chumann nár chur isteach ar, ar a laghad, céad Gnáthscair ar Euro amháin an ceann.
- b) Ní shealbhóidh aon bhall seachas Cumann, Cuideachta nó Comhlacht Corpraithe eile leas i scaireanna an Chumainn thar €150,000 nó suim atá cothrom le 1% de shócmhainní iomlán an Chumainn pé ceann is mó nó pé uasmhéid a shocrófar de réir an dlí ó am go ham.
- c) Is féidir leis an gCoiste uasmhéid gabháltas a chinntiú ó am go ham a bheadh níos ísle ná na forálacha reachtúla atá in Alt 4 den Acht a dhéanfadh iarratasóir na ball iarratas air.
- d) Beidh dliteanas na mball teoranta suas go luach líon a gcuid scaireanna.
- e) Ní féadfar Scaireanna a aistharraingt.

16. ÚS AR GHNÁTHSCAIREANNA

Íocfar ús ar Ghnáthscaireanna ach ní rachaidh an ús thar ráta a bhféadfaidh Scairshealbhóirí i gCruinniú Ginearálta a chinntiú ar mholadh an Choiste agus ní ríomhfar ar chodáin d'Euro amháin é ná ar mhíonna féilire.

17. SCAIREANNA A CHEALÚ, LIAN AR SCAIREANNA AGUS DÍOLACHÁN CHUN FIACHA A ÍOC

- a) Is féidir leis an gCoiste scaireanna a chealú faoi na cúinsí a fhoráiltear lena aghaidh i Rialacha 11, 12, 13, 14, 19, 20, 21 agus an Riail seo.
- b) Beidh tús liain ag an gCumann, faoi réir Riail 15 agus an Riail seo, ar na Gnáthscaireanna atá ag aon bhall agus féadfaidh sé dul i gceann ar aon suim creidithe ar sin ar aghaidh ar son íocaíocht aon fhiacha ó aon bhall don Chumann; ar an gcoinníoll, áfach, nach bhfaighfear aon chearta ar

pháirt an bhaill aon íocaíocht a dhéanamh chun dul i gceann ar a chuid scairshealbhóireachta in aghaidh aon fhiacha atá aige leis an gCumann.

- c) Féadfaidh an Coiste aon Ghnáthscair a dhíol agus a aistriú atá in ainm ball atá i bhfiacha leis an gCumann, ar an gcoinníoll go dtabharfar fógra i scríbhinn cheithre lá déag (14) don bhall loicthe ag iarraidh íocaíocht ar an méid atá le híoc taobh istigh de cheithre lá déag (14) eile agus ag tabhairt rabhadh don bhall mura ndéanfar an íocaíocht laistigh den am sin díolfaidh nó aistroidh an Bord na scaireanna agus cuirfidh sé i bhfeidhm an méid sin de na fáltais de réir mar is gá chun fáil réidh leis an bhfiacha atá dlite chomh maith leis na speansais riachtanacha a bhaineann leis an aisghabháil.
- d) Caillfidh ball atá i riaráiste a mbeadh glaonna déanta go cuí ar a scaireanna gach ceart ballraíochta, lena n-áirítear tinreamh ag cruinnithe, i rith tréimhse réamhshocraithe.
- e) Beidh gach airgead atá le híoc ag ball chuig an gCumann más rud é gur i leith scaireanna nó eile é, ina fhiacha ag ball den chineál sin chuig an gCumann agus féadfar é a ghnóthú mar fhiacha.

VI AISTRIÚ & TARCHUR SCAIREANNA, AINMNIÚCHÁIN

18. AISTRIÚ SCAIREANNA

- a) Féadfaidh ball, le cead an Choiste, a chuid scaireanna a aistriú chuig aon duine eile nó comhlacht corpraithe eile, ar an gcoinníoll nach rachaidh luach na scaireanna thar an luach ainmniúil.
- b) Féadfar scaireanna a aistriú ach ní bheidh cead iad a aistharraingt.
- c) Ba cheart go ndéanfaí iarratas ar Fhoirm C san Aguisín a bhaineann leis na Rialacha seo le haghaidh scaireanna a aistriú idir daoine aonair nó ar pé Fhoirm eile a chinnteoidh an Coiste ó am go ham.
- d) Ba cheart go ndéanfaí iarratas ar Fhoirm D san Aguisín a bhaineann leis na Rialacha seo nó ar pé Fhoirm eile a chinnteoidh an Coiste ó am go ham chun scaireanna a aistriú idir Cumainn, Cuideachtaí nó Comhlachtaí Corpraithe eile.

- e) Nuair a fhaightear iarratas ar an bhFoirm riachtanach, déanfaidh an Coiste cinneadh ar an iarratas chomh luath agus atá sé praiticiúil tar éis an iarratas a fháil agus, ar aontú, déanfaidh an Rúnaí nóta ar an aistriú sa Scairechlár.
- f) Féadfaidh an Coiste cead do bhall aon scair a aistriú a dhiúltú má tá sé i bhfiacha leis an gCumann go dtí go bhfuil an méid atá le híoc aige íoctha go hiomlán.
- g) Féadfaidh an Coiste cead do bhall aon scair a aistriú chuig aistrí a dhiúltú nuair a cheapann an Coiste nach bhfuil an critéir cáilíochta ag an t-aistrí le haghaidh ballraíochta mar a bheadh molta ag an gCoiste agus ceadaithe ag an bhallraíocht i gcruinniú ginearálta ó am go ham. Nuair a dhiúltaíonn an Coiste íocfar chuig an aistrí an méid scaireanna láníochta lúide aon suim, más ann dó, atá le híoc aige chuig an Cumann.
- h) Ní bheidh an Coiste faoi cheangal aon chúis a thabhairt má dhiúltaítear cead aon scair a aistriú. Sna cásanna nuair a dhiúltaíonn an Coiste cead scaireanna a aistriú, áfach, tá sealbhóir na scaireanna sin in ann an cheist a chinntiú trí phróiseas eadráine faoi réir Rial 58.

19. AINMNIÚCHÁN

- a) Is féidir le gach ball den Chumann nach bhfuil faoi aois a sé bliana déag (16), faoi scríobh a lámh féin a sheachadadh chuig nó a sheoladh chuig Oifig Chláraithe an Chumainn i rith saol ball dá leithéid nó déanta in aon leabhar coinnithe san áit, aon duine nó daoine a ainmniú nó ina measc sin a n-aistreofar ar a éagtha a leithéid de mhaoin sa Chumann agus a bheidh ann ag am a éagtha (cibé i scaireanna, iasachtaí, taisece nó aon rud eile é), nó cibé an méid a luaitear san ainmniú sin, murab é an t-iomlán a ainmnítear ann.
- b) Más ag am bháis an ainmneora go bíonn líon a mhaoin sa Chumann comhdhéanta san ainmníocht níos mó ná €15,000 nó aon uasmhéid eile a shocrófaí ó am go ham faoin dlí, beidh an ainmniúcháin bailí go dtí fairsinge €15,000 nó aon uasmhéid eile a shocrófaí ó am go ham faoin dlí, ach ní níos mó ná ar aon chaoi eile, ar an gcoinníoll nach mbeidh an t-ainmneoir ina oifigeach nó ina sheirbhíseach don Chumann murar oifigeach nó seirbhíseach ina fhear chéile, ina bean céile, athair, máthair, gasúr, deartháir, deirfiúr, nia nó neacht an ainmneora a bheidh ann.
- c) Is féidir an t-ainmniúchán a dhéantar a chur ar ceal nó a athrú le hainmniúcháin iartheachtach sínithe agus seachadta nó curtha i bealach nó déanta mar a dúradh roimhe seo nó le haon doiciméad cosúil i nádúr a chealú

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

nó a athrú faoi lámh an ainmneora a bheith seachadta nó curtha i bealach nó déanta mar a dúradh roimhe seo, ach ní féidir é a chealú nó a athrú le huacht an ainmneora nó le aon chodaisíl eile.

- d) Beidh leabhar coinnithe ag an gCumann a mbeidh taifead déanta ar ainmneacha na ndaoine uile a ainmníodh agus gach cealú nó athrú (más ann dóibh) ar a leithéid d'ainmníocht, agus beidh an maoin atá i leithéid d'ainmniú go méid nach bhfuil os cionn €15,000 nó aon uasmhéid eile ar féidir a athrú ó am go ham de réir an dlí, in ann a bheith íoctha nó aistrithe chuig an ainmní, cé go ndeirtear i Rialacha an Chumainn nach bhfuil na scaireanna in ann a bheith aistrithe.
- e) Is é an toradh a bheidh ar phósadh ball den Chumann ná cealú ar aon ainmniúcháin a rinne sé roimh pósadh dó, ar an gcoinníoll, sa chás gur aistrigh Oifigeach an Chumainn aon mhaoin le ball chuig ainmní, in ainbhios conradh pósadh roimh dháta an ainmniúcháin, beidh admháil an ainmní mar chomhlíon bailí ag an gCumann agus ní bheidh an Cumainn i bhfiacha le haon duine eile a dhéanann éileamh ar a leithéid de mhaoin.
- f) Cuirfear fógra ar chearta ainmniúcháin ag gach ball aonar, nach bhfuil an ceart seo feidhmithe aige, leis an tuarascáil den chéad ghnáth chruinniú gnó gach bliain ina mbeidh tuairisc curtha chuig na baill, nó tabharfar ar bhealach eile é, mar a leagtar amach ag cruinnithe dá leithéid.
- g) Íocfaidh an ball le haghaidh taifead nó clárú gach ainmniúcháin, cúlghairm nó éagsúlacht, cibé má bhíonn nó mura mbeidh ainmniúchán nua leis, agus gearrfar táille amháin de €1 amháin le haghaidh na hainmneacha uile in aon ainmniúcháin a iontráil, cúlghairm nó éagsúlacht, má bhíonn níos mó ná ainm amháin ann.

20. BAILL NACH MAIREANN

- a) Tar éis fianaise sásúil ar bhás an ainmneora, déanfaidh an Coiste, faoi réir an teorainn ar an suim sin a luadh roimhe seo nó teorainn na hAchtanna atá curtha ar fáil, aistriú ar an maoin atá san ainmniúcháin sa dóigh atá cinntithe san ainmniúcháin, nó gach duine atá ann atá i dteideal an suim atá láníoctha nó creidiúnaithe ar na scaireanna ata íoctha chuige a íoc, mura mbeidh na híocaíochtaí a luaitear san ainmniúcháin, dá n-aistreofaí iad mar atá cinntithe ag an ainmneoir, in ann scairchaipiteal aon ainmní a mhéadú thar luach €150,000 nó méid atá cothrom le haon faoin gcéad de shócmhainní an Chumainn, pé acu is mó nó pé uasmhéid mar a bheidh socraithe ó am go ham

de réir an dlí agus sa chás sin go n-eiseoidh an Coiste an barraíocht sin i bhfoirm airgead tirim.

- b) Nuair atá ainmní atá ainmnithe faoi fhorálacha na hAchtanna faoi sé bliana déag (16) d'aois, féadfaidh an Cumann an méid airgid ainmnithe a íoc chuig ceachtar tuismitheoir nó caomhnóir an ainmneora, nó chuig aon duine eile atá in aois iomlán a thabharfaidh faoi an suim céanna a choinneáil in iontaobhas ar son an ainmní nó an rud céanna a chur i bhfeidhm chun a leasa agus a mbeidh an Cumann ag ceapadh gur duine oiriúnach agus cóir don chúis é, agus beidh admháil a leithéid de dhuine ina chomhlíon dóthanach ag an gCumann le haghaidh gach airgid íoctha dá réir.
- c) Sa chás go bhfaigheann aon bhall atá i dteideal maoin sa Chumann ó thaobh scaireanna nó iasachtaí, gan dul thar luach iomlán €10,000, bás gan uacht, gan aon ainmniúcháin a bheith déanta aige, féadfaidh an Coiste, gan aon litreacha riaracháin, an suim céanna a dháileadh ar dhaoine de réir mar a fheiceann siadsan, ar fhianaise ar meas leo atá sásúil go bhfuil siad i dteideal an suim sin a fháil de réir an dlí.
- d) Nuair a fhaigheann ball bás a bhfuil leas sa Chumann aige atá níos mó ná €10,000 agus tugann a Sheiceadóirí nó a Riarthóirí fógra i scríbhinn do Rúnaí an Chumainn, ag lua bás an bhaill, agus an t-ainm baiste, sloinne, gairm nó gnó a leithéid d'ionadaí dlíthiúil agus ag sonrú nádúr agus méid a leas nó a éileamh; agus táirgeadh, más gá leis san éileamh, Probháid Uachta a leithéid de bhaill, nó litreacha riaracháin a eastát agus fianaise (más ann dó) dá bhás mar a bheadh ag teastáil ón gCoiste, aistroidh an Coiste na scaireanna, tar éis aon ainmniúcháin a rinne aon bhall a shásamh, nó aon leas eile atá i leabhair an Chumainn a rinneadh sonrú air i bhFógra den sórt sin chuig a ionadaí dlíthiúil, nó íocfaidh an Coiste méid na suime a fhreagraíonn don mhéid láníoctha nó creidiúnaithe ar na scaireanna agus féadfaidh sé a leithéid d'aistriú nó íocaíocht a dhéanamh ag a dhiscreíd, mura ndéanfaidh an t-aistriú sin méadú ar scairchaipiteal an t-aistrí sa Chumann thar an uasmhéid mar a bheidh socraithe ó am go ham de réir an dlí sa chás sin déanfaidh siad an íocaíocht ar a leithéid de bharraíocht le hairgead.

21. BAILL NACH BHFUIL SLÁNMEABHRACH

Más rud é go n-éilíonn ball ar son ball nó duine a bheidh slánmheabhrach, agus mura bhfuil aon Choiste dá eastát nó Riarthóir dá mhaoine ceaptha mar is cóir, féadfaidh an Cumann, ag gníomhú tríd an gCoiste, nuair a bheidh Coiste an

Chumainn sásta go bhfuil sé cóir agus caoithiúil é a dhéanamh, méid na scaireanna, stoic, iasachtaí agus tascí le ball dá leithéid a íoc le haon duine a cheapann siad go bhfuil an cheart acu an méid céanna a fháil, agus beidh an fáltas ina úrscaoileadh maith don Chumann do pé airgead a híocadh.

22. AISTRÍÚ CHUIG NÓ AR SON BALL NACH MAIREANN, BALL FÉIMHEACH NÓ BALL NACH BHFUIL SLÁNMEABHRACH

- a) Beidh gach íocaíocht nó aistriú a dhéanfaidh an Coiste, faoi na forálacha thuas, maidir le híocaíochtaí nó aistrithe chuig nó ar son ball nach maireann nó ball nach bhfuil slánmheabhrach chuig aon duine a cheapann an Coiste atá i dteideal ag an am, bailí agus beidh éifeacht aige in aghaidh aon éileamh a chuirfear chuig an gCoiste nó an Cumann ag aon duine eile.
- b) Más féimheach é aon bhall, aistrefar nó íocfar a mhaoin sa Chumann chuig Iontaobhaí a mhaoine nó chuig a shannaí i gcás féimheachta.
- c) Beidh gach ainmní nó aon duine eile a n-aistrefar aon scair chuige faoin alt seo ina bhall den Chumann, mura raibh sé ina bhall den Chumann roimhe seo.

VII IASACHT, CUMHACHTAÍ IASACHTA

23. IASACHTAÍ AGUS FÁIL AR IASACHTAÍ

- a) Beidh cumhacht ag an gCoiste, faoi réir fhorálacha Alt 6 den Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Leasaithe), airgead a fháil ar iasacht don Chumann ar cibé bealach a chinnfidh sé, lena n-áirítear stoc iasachta a eisiúint, go pointe áirithe, ar choinníollacha dá leithéid, in aghaidh a leithéid d'urrús, ar feadh a leithéid de thréimhsí agus rataí úis mar a aontóidh an Coiste de réir mar is rogha leis féin.
- b) Is féidir leis an gCumann aisíocaíocht iasacht dá leithéid agus aon ús a urrú trí bintiúir, stoc bintiúir, morgáiste, costas, gealltanais, comhaontaithe, nótaí gealltanais nó lian a eisiúint ar chuid de nó an maoin uile nó sócmhainní fisiciúil an Chumainn san am i láthair agus sa todhchaí, lena n-áirítear aon chaipiteal nár glaodh air.
- c) Ina theannta sin féadfaidh an Coiste, i gcomhréir leis an gcumhacht a dhílsítear dhó de réir na Rialacha ráthú a dhéanamh nó a thacú nó trí bintiúir chosúla ar stoc bintiúir, morgáistí, muirir, banaí, comhaontaithe, nótaí gealltanais nó tríd aon slánaíocht, fiacha nó oibleagáidí aon Chumann,

comhlacht corpraithe nó duine a bhfuil déileálacha acu leo nó leasa cosúil lena bhfuil ag an gCumann, ar an gcoinníoll dá dtabharfaí an ráthú sin nó soláthar an urrúis sin go mbeadh sé ar mhaithe le nó teagmhasach le go díreach nó go hindíreach le gnó nó trádáil an Chumainn.

- d) Féadfaidh an Coiste chomh maith le hiasachtaí dá leithéid a fháil a bhfuil gaol acu le gnó an Chumainn ó am go ham tuilleadh suimeanna a fháil ar iasacht de réir mar is gá ó am go ham trí Stoc Iasachta agus/nó Stoc Iasachta Insóinseáilte ó bhaill, soláthróirí, daoine eile, bainc agus Comhlachtaí Corpraithe eile.
- e) Is féidir leis an gCoiste socrú a dhéanamh Stoc Iasachta a eisiúint chun é a úsáid mar aisíocaíocht ar chaipiteal de réir Rial 5 c).

24. COINNÍOLLACHA A BHAINNEANN LE STOC IASACHTA NÓ STOC IASACHTA INSÓINSEÁILTE

- a) Beidh na coinníollacha seo a leanas curtha i bhfeidhm ar Stoc Iasachta agus/nó Stoc Insóinseáilte:
 - i Beidh ús ar an Stoc Iasachta agus/nó an Stoc Iasachta Insóinseáilte ar an suim don tréimhse atá le híoc, íocfar é ag an ráta ús mar a chinnfidh an Coiste ó am go ham, ach is féidir luach saothair a íoc air le scair i mbarrachas bliantúil an Chumainn.
 - ii Déanfar leithdháileadh ar gach íocaíocht den sórt sin agus íocfar go comhréireach iad ar na suimeanna atá creidiúnaithe nó íoctha ar an Stoc Iasachta agus/nó Stoc Iasachta Insóinseáilte i rith aon chuid de na tréimhsí ina leith a bhfuil a leithéid d'íocaíocht íoctha ach ní ríomhfar i gcodáin iad bídis i Euro nó i mí féilire.
 - iii Coinneoidh an Bord rolla do shealbhóirí Stoc Iasachta agus/nó Stoc Iasachta Insóinseáilte don am i láthair ina bhfuil a leithéid de shonraí ann a chinnteoidh an Coiste ó am go ham.
 - iv Beidh na rialacha céanna i bhfeidhm i leith tarchur Stoc Iasachta agus/nó Stoc Iasachta Insóinseáilte.
 - v Déanfaidh an Cumann fuascailt ar an Stoc Iasachta agus/nó an Stoc Iasachta Insóinseáilte faoi réir na Coinníollacha leagtha síos a bhfuil baint acu lena leithéid de réamhfuascailt, agus déanfar daingniú orthu nuair a thiontófar aon chuid den Stoc Iasachta agus/nó Stoc

Iasachta Insóinseáilte go scaireanna i gcaipiteal an Chumainn faoi réir na forálacha atá anseo dóibh sin.

- vi Aon Stoc Iasachta agus/nó an Stoc Iasachta Insóinseáilte a mheastar a bheith eisithe ag an gCumann in aon bhliain ainmneofar é mar Stoc Iasachta nó Stoc Iasachta Insóinseáilte le tagairt don bhliain ina measfaí go mbeadh an rud luaite eisithe.
 - vii Sa chás go mbeadh ar an gCumann foirceannadh de bharr fáth ar bith cuirfear i bhfeidhm ar aisíocaíocht an chaipitil é don achar ama láníochta nó creidithe mar a bheidh láníochta ar an Stoc Iasachta agus/nó an Stoc Iasachta Insóinseáilte aon bharrachas a bheidh fágtha tar éis fiacha nó fiachais an Chumainn agus Costais an leachtaithe a íoc agus caillfear gach ús agus íocaíocht eile as sin suas go dtí tús na leachtaithe in ord tosaíochta ar shealbhóirí Gnáth Scairchaipiteal ach ní bheidh sé de theideal ag sealbhóirí an Stoc Iasachta agus/nó an Stoc Iasachta Insóinseáilte a bheith páirteach a thuilleadh i sócmhainní barrachais an Chumainn.
- b) Beidh sealbhóir Stoc Iasachta Insóinseáilte atá in bhall den Chumann cheana féin nó duine nach ball den Chumann é, in ábhar Riail 5 de seo agus na forálacha sna Rialacha sin a bhaineann le ballraíocht a thabhairt, i dteideal ó am go ham agus ag aon am roimh thosú foirceannadh an Chumainn comhshó a dhéanamh ar chuid den Stoc Iasachta Insóinseáilte nó é uile atá ina sheilbh go scaireanna i gcaipiteal an Chumainn faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
- i Beidh cead an Stoc Iasachta Insóinseáilte a chomhshó i méideanna agus ilmhéireanna 1 Euro faoi rogha na sealbhóra go scaireanna an Chumainn atá íochta go hiomlán.
 - ii Má tá sealbhóir ag iarraidh aon Stoc Iasachta Insóinseáilte a chomhshó cuirfidh sé scríbhinn chuig an Rúnaí (ar a nglaofar “Fógra Comhshó” as seo amach) i dtaisece ag Oifig Chláraithe an Chumainn taobh istigh de fiche ocht (28) lá chuig an Rúnaí ag lua go bhfuil sé ar intinn aige Stoc Iasachta Insóinseáilte den sórt sin atá ina sheilbh mar atá san Fhógra Comhshó a chomhshó in uimhir cosúil na scaireanna láníochta i gCaipiteal an Chumainn.
 - iii Gach bliain ar an gcéad lá d’Eanáir i ndiaidh an Fhógra Comhshó a fháil mar a dúradh roimhe seo (“An Dáta Comhshó”) déanfar chomhshó láithreach ar an Stoc Iasachta Insóinseáilte i bhFógra

Comhshó den sórt sin go scaireanna i gcaipiteal an Chumainn agus beidh siad ar chéim ‘pari passu’ as sin amach i ngach gné in éineacht leis na scaireanna san am i láthair i gcaipiteal an Chumainn le cearta chun páirt a ghlacadh i ngach leas dearbhaithe ar na scaireanna tar éis an dáta comhshó tugtha, áfach, nach mbeidh a leithéid de scaireanna (mar atá á gcomhshó faoi réir an fho-chlásail seo) i dteideal aon ús ar scaireanna atá dearbhaithe ar fad nó i bpáirt i leith tréimhse roimh an dáta comhshó.

VIII INFHEISTÍTHE, IASACHTAÍ CHUIG BAILL

25. INFHEISTÍOCHT

- a) Féadfaidh an Coiste aon chuid de chaipiteal an Chumainn a infheistiú mar seo a leanas:
- i In aon urrús a bhfuil Iontaobhaithe údaraithe san am i láthair infheistíocht a dhéanamh iontu de réir an dlí.
 - ii I scaireanna, nó ar urrús aon Chumann nó Cuideachta eile ar an gcoinníoll go bhfuil dliteanas teoranta ag an gCumann nó an Cuideachta sin.
 - iii I scaireanna, agus iasachtaí (atá urraithe le maoin) chuig aon Chumann nó Cuideachta eile atá ina bhall den Chumann seo ar an gcoinníoll go bhfuil dliteanas teoranta ag an gCumann nó an Cuideachta sin.

26. CEAPACHÁN IONADAÍ AR BHORD NÓ AR CHOISTE

Féadfaidh an Coiste, de réir Rialacha nó Airteagail Chomhlachais an chomhlacht a bhfuil iasachtaí tugtha dó nó a bhfuil infheistíocht déanta ar a chaipiteal i gcaoi eile, duine nó níos mó ná an uimhir sin agus/nó duine nó níos mó ná sin d’fhoireann an Chumainn a cheapadh chun vótáil ar a shon ag Cruinnithe agus chun suí ar Choiste aon Chumann, Cuideachta nó Comhlacht Corpraithe eile a bhfuil cuid d’acmhainní an Chumainn infheistithe ann.

IX CRUINNITHE GINEARÁLTA

27. CRUINNITHE GINEARÁLTA BÍODH SIAD GNÁTH NÓ SPEISIALTA

Beidh dhá chineál Cruinniú Ginearálta ag an gCumann, Gnáth nó Speisialta. Beidh Gnáth Chruinniú Ginearálta, a nglaofar an Cruinniú Ginearálta Bliantúil air, ar siúl ar a laghad uair amháin i mbliain féilire ach amháin i gcásanna eisceachtúla, nach déanaí ná ceithre mhí tar éis deireadh gach bliain féilire. Tabharfar fógra le haghaidh gach Gnáth Chruinniú ar a laghad cheithre lá déag roimh an lá socraithe le haghaidh an chruinnithe agus beidh an t-am agus an áit luaite san fhógra.

28. FÓGRA DON CHRUINNIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL

- a) Tabharfar nó seolfear fógra a luann an t-am, áit agus aidhm gach Cruinniú Ginearálta Bliantúil chuig gach ball taobh istigh de cheithre lá déag (14) glan roimh dháta a leithéid de chruinniú. Féadfaidh an Coiste fógra a leithéid de chruinniú a chur ar aon raidió nó a fhoilsiú in aon nuachtán áitiúil a dhéanann freastal ar dhobhar comharchumann mar a chinnfidh siad. Beidh an fógra ar leith ar an lá a gheofar é (a mheasfar gurb é an lá tar éis fógra den sort sin a chur suas, é a sheoladh é nó é a fhoilsiú) agus ar an lá a thugtar é. Ní bheidh aon Chruinniú Ginearálta Bliantúla neamhbhailí mura bhfaighidh aon bhall fógra de.
- b) Is féidir leis an gCoiste an suíomh agus/nó am cruinniú atá le comóradh ar dháta áirithe a athrú má mheasann sé go bhfuil gá leis ar chúiseanna caoithiúlachta agus sábháilteachta na mball agus chun cuidiú le stiúradh an ghnó ag cruinniú ginearálta (cibé Gnáth nó Speisialta an cruinniú agus cibé ar comóradh é faoin Riail seo nó Riail 31). Tabharfar fógra d'athrú den sórt sin ar an suíomh agus/nó am an chruinniú do Bhall nach lú ná trí lá glan roimh dháta an chruinniú.

29. GNÓ AN CHRUINNIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL

Glacfar le Buanorduithe an Chumainn ag gach Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus fanfaidh siad i bhfórsa go dtí an chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil eile a bheidh ag an gCumann. Déanfar an gnó seo a leanas ag gach Cruinniú Ginearálta Bliantúil a bheidh ag an gCumann;

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

- i Glacfar le Miontuairiscí an Chruinniú Ginearálta Bliantúil a tharla díreach roimhe sin agus le gach, más ann dóibh, cruinniú ginearálta neamhdhaingnithe a chomórfar ina dhiaidh sin i rith an tréimhse idir an dá Chruinniú Ginearálta Bliantúil.
- ii Glacfar go bhfuil na Miontuairiscí léite ag lucht an chruinnithe má scaipfear iad le fógra an chruinnithe nó mar a léifidh an Rúnaí iad, má tá sé i láthair, nó má bhíonn an Rúnaí as láthair léifidh duine eile a cheapfaidh Cathaoirleach ceannais an chruinnithe iad agus nuair a chinnteofar sa Chruinniú go bhfuil Miontuairiscí an Chruinnithe léite nó athraithe saighneálfaidh an Cathaoirleach ceannais iad.
- iii Beidh idirbhearta an Chumainn, a riocht nó stáid a chúrsaí go ginearálta, nó in aon rud ar leith, ina ábhar ráitis, bíodh sé scríofa chun scaipeadh i measc na mball nó ar chaoi eile, chuig an gcruinniú ag an gCathaoirleach, nó má dhearbhaíonn an Coiste é ag an Rúnaí nó duine eile a cheapfaidh sé, agus féadfaidh lucht an Chruinnithe a leithéid de ghníomh a dhéanamh as sin amach mar a shocróidh siad; ar an gcoinníoll nach dtógfar aon Rún ar ráiteas den sórt sin tosaíocht ar ghlacadh na ráitis airgeadais iniúchta.
- iv Má bhíonn siad ceart, glacfar leis na Ráitis Airgeadais, mar atá deimhnithe ag Iniúchóir an Chumainn le haghaidh an bhliain nó tréimhse airgeadais díreach roimhe sin agus le haghaidh tréimhsí nó blianta a mbeadh aon iniúchadh déanta orthu agus nach raibh curtha isteach chuig cruinniú ginearálta an Chumainn agus glactha leo san áit sin.
- v Ceapfar Iniúchóir de réir an dlí, na Rialacháin agus Rialacha 63 chun iniúchadh reachtúla a dhéanamh ar chuntais an Chumainn don bhliain airgeadais atá reatha ansin agus obair eile a dhéanamh a cheapfaidh an Coiste a bhfuil gá leis. Beidh an chumhacht ag an gCoiste aon fholúntas in oifig an Iniúcháora a líonadh go dtí an chéad Cruinniú Ginearálta Bliantúil eile. Ní bheidh aon phost in oifig eile a bhaineann leis an gCumann i seilbh an Iniúcháora.
- vi Toghchán an Choiste de réir an foráil i Riail 43.
- vii An t-údarás ar chumhacht iasachtaí a fháil don Chumann.
- viii Aon ghnó eile a thagann aníos a mheasann lucht an Chruinnithe a bheith ceart agus caoithiúil faoi réir Rialacha 59 agus 62 ar an gcoinníoll go bhfuil ar a laghad fógra seacht lá roimh ré faighte ag

an Rúnaí ach is féidir le baill an Choiste a bheidh i láthair ag an gcruinniú an coinníoll seo a tharscaoileadh, má mheastar dóibh go bhfuil gá leis, agus ceart plé agus gníomh den sórt a chomóradh sa chruinniú maidir le haon ábhar a ardófar faoin dteideal seo ag aon Chruinniú Ginearálta Bliantúil de réir mar a chinnfidh siad a bheith dóthanach.

30. CRUINNIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL A THIONÓL

Féadfaidh an Coiste Cruinniú Ginearálta Bliantúil a thionól ag aon am, ar a n-údarás féin nó ar fhoréileamh seolta chuig an gCoiste, Príomhfheidhmeannach nó Rúnaí sínithe ar a laghad ag leath de Bhaill an Chumainn don am i láthair sa chás go mbeidh an uimhir sin níos lú ná caoga agus ar a laghad ag daichead ball má bhíonn líon Baill an Chumainn ag an am i láthair níos mó ná caoga.

31. FÓGRA DO CHRUINNIÚ GINEARÁLTA SPEISIALTA

- a) Beidh fógra do Chruinniú Ginearálta Speisialta a luaitear an t-am, áit agus cúiseanna do gach Cruinniú Ginearálta Speisialta ann curtha nó seolta chuig gach ball atá i dteideal fógra den sórt sin a fháil nó foilseofar é mar a dhéantar foráil lena aghaidh i Riail 28, nach lú ná seacht lá glan roimh dháta cruinniú den sórt sin, seachas i gcásanna a bhfuil éigeandáil eisceachtúil ag baint leo, beidh rún ag an gcoiste Cruinniú Ginearálta Speisialta a chomóradh in achar ama níos lú, ar choinníoll in aon chás nach mbeidh an fógra a thugtar nach lú ná ceithre lá glan.
- b) Ní dhéanfar aon ghnó ag Cruinniú Ginearálta Speisialta ach amháin le haghaidh an fáth a chomórfar an cruinniú agus a dtugtar na sonraí ar fad de san fhógra a chomórfar ag an gcruinniú.
- c) Ní bheidh aon Chruinniú Ginearálta Speisialta neamhbhailí mura bhfaighidh aon bhall fógra de..

32. CÓRAM LE HAGHAIDH CRUINNITHE GINEARÁLTA

- a) Is deichniúr ball a bheidh i gcóram Chruinnithe Ginearálta an Chumainn nó líon daoine níos lú mar a chinnteofar ó am go ham ag Cruinniú Ginearálta ar

an gcoinníoll go dtugtar fógra d'athrú den sórt sin do na baill roimh an chruinniú sin.

- b) Ní dhéanfar aon ghnó ag aon Chruinniú Ginearálta mura mbeidh córam i láthair nuair a théitear i mbun gnó sa Chruinniú, más rud é nach bhfuil córam i láthair taobh istigh d'uair a chloig den am a leagadh amach don Chruinniú más Gnáth Chruinniú Ginearálta an Chumainn é nó má shíltear gurb ea nó más Cruinniú Ginearálta Speisialta é a chomóradh an Coiste cuirfean an cruinniú ar athló ar feadh tréimhse seacht lá (7) go dtí an t-am agus an áit céanna, ach má chomórfar é trí fhógra ar éileamh na mball díscailfean go hiomlán é.
- c) Ní dhéanfar aon Chruinniú neamhábalta gnó a chur i gcrích ar easpa córam tar éis dul i gceannas ar an gCathaoir, ar an gcoinníoll go gcuirfean an cruinniú ar athló má bhíonn an tinreamh faoi ochtar ball.

33. CATHAOIRLEACHT A DHÉANAMH AR CHRUINNITHE GINEARÁLTA

Beidh Cathaoirleach an Choiste i gceannas ar gach Cruinniú Ginearálta an Chumainn. Má bhíonn sé as láthair, beidh Leaschathaoirleach an Choiste i dteideal bheith mar Chathaoirleach ag aon Chruinniú Ginearálta an Chumainn. Má bhíonn an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach as láthair, roghnaíodh na baill i láthair duine de bhaill an Choiste atá i láthair chun bheith ina Chathaoirleach, nó mura mbeidh aon bhall den Choiste i láthair nó sásta an Cathaoir a thógáil, roghnaíodh na baill atá i láthair duine acu féin chun bheith ina Chathaoirleach.

34. VÓTÁIL AG CRUINNITHE GINEARÁLTA

- a) In ábhar ballóid mar atá curtha ar fáil anseo thíos déanfar cinneadh ar gach ceist ag aon Chruinniú Ginearálta ar thaispeántas lámh áit a mbeidh vóta amháin ag gach ball i láthair agus dearbhóidh an Cathaoirleach ar ritheadh nó nár ritheadh Rún, nó má ritheadh nó nár ritheadh rún le tromlach áirithe, agus beidh iontráil chuig na héifeachta sin i Leabhar Miontuairisce an Chumainn agus beidh sé sin ina fhianaise cinnte ar na fíorais gan cruthúnas uimhreacha ná comhréir na vótaí a rinneadh taifead orthu i bhfabhar nó in aghaidh Rún den sórt sin.
- b) Is féidir le haon cúigear ball i láthair, agus atá i dteideal vótáil ag Cruinniú Ginearálta, éileamh a dhéanamh ballóid a bheith ann agus sa chás sin tógfar

ballóid. Ní bheidh ach vóta amháin ag gach ball i láthair agus atá i dteideal vótáil ach amháin ag Cathaoirleach an Chruinniú a bheidh i dteideal vóta réitigh a chaitheamh.

35. VÓTA RÉITIGH

Sa chás go mbeidh vótaí cothroma ag aon Chruinniú Ginearálta, ar thaispeántas lámh nó i mballóid, beidh an Cathaoirleach ceannais i dteideal an dara vóta nó an vóta réitigh a chaitheamh. I gcás aon díospóid aontú nó diúltú aon vóta, déanfaidh an Cathaoirleach breithniú air, agus is é sin an cinneadh deiridh agus beidh sé conclúideach.

36. GAN SEACHVÓTÁIL

Ach amháin mar a fhoráiltear i Rial 5 b) de na Rialacha seo agus in Alt 41 de na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893, mar a leasaíodh, ní ghlacfar le seachvótáil.

37. LEANÚINT LE GNÓ AR FEITHEAMH BALLÓID

Is féidir leanúint ar aghaidh le haon ghnó ar feitheamh ballóid seachas an gnó a rinneadh éileamh air le ballóid.

38. DAOINE NACH BHFUIL I DTEIDEAL FREASTAL AR CHRUINNITHE GINEARÁLTA

- a) Aon bhall atá i riaráiste ar íocaíocht le haghaidh aon ghlaoch nó glaonna atá dlite agus iníoctha ar a scair, ní bheidh sé i dteideal freastal ar aon Chruinniú agus ní bheidh cead aige vóta a chaitheamh go dtí go n-úrscaoilfidh sé a fhiachas.
- b) Aon bhall nach bhfuil a Shuibscríbhinn Bliantúil íoctha aige, más ann dó, laistigh den teorainn ama a chinnteoidh an Coiste ó am go ham.
- c) Ní bheidh ionadaí pearsanta dlíthiúil ball nach maireann i dteideal freastal ar aon Chruinniú Ginearálta agus ní bheidh cead aige vóta a chaitheamh ann.
- d) Ní bheidh cead ag aon duine nach ball den Chumann é agus nár chuir Coiste an Chumann cuireadh chuige chun freastal ar chruinniú ginearálta an Chumainn in ann freastal ar an gcrúinniú.

39. CRUINNÍÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL A CHUR AR ATHLÓ

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

- a) Féadfaidh an Cathaoirleach ceannais aon Chruinniú Ginearálta, le cead lucht an Chruinnithe agus má stiúran lucht an Chruinnithe é, a chur ar athló ó am go ham agus ó áit go háit.
- b) Féadfar aon Chruinniú Ginearálta a chuir ar athló le haghaidh aon tréimhse nach dtéann thar fiche ocht (28) lá.
- c) Ní dhéanfar idirbhearta ag aon Chruinniú Ginearálta a cuireadh ar athló ach amháin an ghnó nár críochníodh ag an gcruinniú a cuireadh ar athló.
- d) Má chuirtear Cruinniú Ginearálta Speisialta ar athló, tabharfar fógra nach lú ná cheithre (4) lá glan roimh an dáta socraithe le haghaidh an chruinniú do na baill go bhfuil an cruinniú le cur ar athló.
- e) Nuair a chuirfear Cruinniú Ginearálta ar athló le haghaidh fiche haon (21) lá nó níos mó, tabharfar fógra an Chruinniú a cuireadh ar athló mar a thugtar i gcás Cruinniú Ginearálta bunaidh. Ach amháin an méid thuas ní bheidh gá aon fhógra athló a thabhairt ná an ghnó atá le hidirbheartú ag Cruinniú a cuireadh ar athló.

COISTE BAINISTÍOCHTA

40. CUMHACHTAÍ AGUS GNÍOMH DÉANTA AG AN GCOISTE BAINISTÍOCHTA

Seolfaidh an Coiste Bainistíochta gnó agus cúrsaí an Chumainn, agus beidh smacht ag an gCoiste ar gach gnó a dhéanfaidh an Cumann nó gach gnó a dhéanfar ar son an Chumainn nach bhfuil gá do na baill i gcruinniú ginearálta a chur i bhfeidhm de réir an Achta nó na Rialacha.

Beidh gach gníomh a dhéanfar ag cruinniú den Choiste nó d'fho-choiste an Choiste nó d'aon duine i gcáil Ball den Choiste chomh bailí is dá mbeadh gach duine den sórt sin ceaptha agus cáilithe mar is ceart, d'ainneoin go bhfaighfear amach ina dhiaidh sin go raibh locht i gceapadh aon Bhall den Choiste nó d'fho-choiste an Choiste nó duine ag feidhmiú mar a dúradh roimhe nó go raibh siad nó aon duine acu dícháilithe.

41. LUACH SAOTHAIR AGUS COSTAIS

Gheobhaidh baill an Choiste, nó aon duine acu, an íocaíocht sin (más ann dó) le haghaidh a gcuid seirbhísí ar féidir aontú orthu ag aon Chruinniú Ginearálta ó am go ham.

42. BAILL AN CHOISTE A CHUR AS OIFIG

Is féidir aon Bhall den Choiste nó iad uile a chur óna n-oifig le vóta tromlaigh dhá thrian a rith ag Cruinniú Ginearálta Speisialta ar glaoth air chun na críche sin.

43. MÉID, COMHDHÉANAMH AGUS TOGHCHÁN AN CHOISTE

- a) Beidh comhdhéanamh an Choiste mar seo a leanas agus beidh an líon duine a leanas ann mar a chinnfear trí rún a bheidh uchtaithe ag Cruinnithe Ginearálta an Chumainn ó am go ham faoi réir iad seo a leanas;
 - i) Is naonúr (9) uasmhéid na ballraíochta a bheidh ar Choiste Bainistíochta seachas Coiste Bainistíochta Chomharchumann Gaeltachta a bhfuil a sheoladh cláraithe ar oileán amach ó chósta na hÉireann.
 - ii) I gcás oileán atá amach ó chósta na hÉireann is é uasmhéid na ballraíochta a bheidh ar an gCoiste Bainistíochta ná seachtar (7).
 - iii) Líonfaidh na baill tofa ar an gCoiste suíochán amháin ar an gCoiste Bainistíochta ar a laghad agus péire ar a mhéid trí chomhthoghadh ag an gcéad cruinniú tar éis an Chruinniú Ginearálta Bliantúil. Líonfar na suíocháin comhthoghadh ionas go mbeidh na baill tofa ag smaoineamh ar chothromaíocht inscne agus aois cuí agus meascán scileanna, taithí agus cumas cuí a bheith ar an gCoiste.
- b) Seachas eisceacht na suíocháin a líonfar trí chomhthoghadh líonfar gach suíochán eile ar an gCoiste Bainistíochta le toghchán ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil nó ag an Cruinniú Ginearálta Speisialta a glaoth chun na críche sin.
- c) Rachaidh aon trian den Choiste ar scor gach bliain, agus beidh cáilíocht ag baill an Choiste a bheith tofa gan ainmníocht faoi réir fhorálacha Rial. 44.
- d) Seachas baill a chuaigh ar scor beidh ainmniúcháin le haghaidh an Choiste i scríbhinn sínithe ag beirt bhall agus beidh ráiteas an bhaill ainmnithe leis, a dhéanann cur síos ar a thoil bheith tófa. Tabharfar ainmniúcháin dá leithéid don Rúnaí ar a laghad trí lá roimh an Chruinniú Ginearálta.
- e) Rachaidh gach ball den Choiste Bainistíochta atá in oifig ag clárú na rialacha seo ar scor ag an gcéad Cruinniú Ginearálta Bliantúil eile agus beidh cáilíocht acu bheith tofa arís gan ainmniúchán faoi réir fhorálacha Rial. 45. Ag an gcéad cruinniú coiste tar éis an Chruinniú Ginearálta Bliantúil ráite, cuirfear ar chrannchur é chun ord scortha baill an choiste a

chinntiú sna trí bliana atá le teacht agus i ngach tréimhse trí bliana ina dhiaidh sin.

44. CRITÉIR CÁILÍOCHTA DUINE A THOGHADH AR AN GCOISTE

Ní bheidh cáilíocht ag duine é a thoghadh, nó a ath-thoghadh ar an gCoiste;

- i) Mura bhfuil sé ina bhall den Chumann
- ii) Má tá sé, nó cuideachta nó comharchumann atá sé ina stiúrthóir air nó mar bhall den choiste de, i mbun díolachán earraí agus seirbhísí a bhfuil sé de thuairim an Choiste a bheith i gcomórtas leis an gCumann, a chuid chomh-fhochuideachtaí nó a chumainn chomhlachaithe agus a chuideachtaí comhlachaithe.
- iii) Más féimheach é nó gur duine é a bhfuil a fhéimheacht fós ar marthain.
- iv) Má ciontaíodh é ar díotáil coir ar bith a bhaineann calaois nó mímhacántacht leis.
- v) Mura bhfuil a Shuibscríbhinn Bliantúil íoctha aige.
- vi) Más rud é gur thug sé seirbhís díreach roimh dáta a scor ar feadh tréimhse naoi mbliana as a chéile ar an gCoiste Bainistíochta.
- vii) Níl sé in ann páirt réasúnta a ghlacadh i ngnó an Choiste trí mheán na Gaeilge.

Ní rachaidh forálacha clásail 1) agus v) agus vi) den Riail seo i bhfeidhm ar bhaill chomhthofa.

45. CORRFHOLÚNTAIS

Is féidir aon chorrholúntas atá sa Choiste a líonadh trí chomhthoghadh, ach ní fhanfaidh aon duine ar comhthoghadh é in oifig ach go dtí an chéad Cruinniú Ginearálta Bliantúil eile a bheidh ag an gCumann, nuair a rachaidh sé ar scor, ach beidh cáilíocht aige é a ath-thoghadh. Beidh ar an mball a thoghfad chun corrfholúntas a líonadh an chuid den téarma a bhí neamhchaite ag an duine a chruthaigh an corrfholúntas a sheirbheáil.

46. CRUINNITHE COISTE

- a) Beidh ar a laghad sé Gnáth Chruinniú Coiste ann gach bliain.
- b) Is féidir Cruinnithe Speisialta a chur ar siúl ag aon am ar an gcoinníoll go dtugtar ar a laghad fógra trí lá glan do gach ball. Ní bheidh aon ghnó ar bun ag Cruinniú Speisialta den Choiste seachas an gnó atá ar an bPáipéar

Clár Oibre, a bheidh i dteannta an fhógra a bheidh ag comóradh an chruinniú.

- c) Ní bheidh aon ghnó á sheoladh ag aon Chruinniú den Choiste mura bhfuil ar a laghad aon trian de na baill i láthair.

47. CATHAOIRLEACH

Ceapfaidh an Coiste Cathaoirleach agus beidh an chumhacht acu é a chur as oifig agus is baill den Choiste a thogfar agus a thoghfaidh é. Beidh Cathaoirleach an Choiste ina Chathaoirleach ar an gCumann chomh maith agus beidh sé i gceannas ar gach cruinniú den Chumann. Féadfaidh an Coiste Leasathaoirleach a thoghadh chomh maith. Beidh an Cathaoirleach agus an Leasathaoirleach in oifig le haghaidh bliain amháin ach beidh cáilíocht acu iad a bheith tofa athuair.

48. RÚNAÍ

Ceapfaidh an Coiste Rúnaí, agus beidh an chumhacht acu an Rúnaí a chur as oifig, a bheidh ina Rúnaí ar an gCumann agus beidh a leithéid d'fheidhmeanna agus cumhachtaí agus luach saothair acu, mar a threoróidh an Coiste ó am go ham.

49. OIFIGH A CHUR AS OIFIG

Is ag Cruinniú Coiste Speisialta amháin a chuirfear an Cathaoirleach, Leasathaoirleach nó aon oifigeach tofa as oifig an Chumainn a dtabharfar ar a laghad fógra trí (3) lá glan mar is cóir lena aghaidh agus go mbeidh dhá thrian de na baill a bheidh i láthair ag vótáil agus ag caitheamh vóta lena leithéid a chur as oifig. Beidh an t-oifigeach i dteideal freastal agus labhairt chun é féin a chosaint ag cruinniú speisialta a chomórfar chun na críche sin.

50. FOCHOISTÍ

Is féidir leis an gCoiste Fochoiste nó Fochoistí a cheapadh a bhfuil daoine inti mar a chinnfidh sé nár gá dóibh bheith ina mball den Choiste, a mbeidh feidhmeanna agus cumhachtaí acu a thabharfaidh an Coiste dóibh agus a bheith i gcomhréir le gach gné de theagasc a thabharfadh an Coiste dóibh ó am go ham. Ceapfaidh an Coiste duine dá chuid baill mar Chathaoirleach ar aon fhochoiste a bhunófar faoin riail seo.

51. DÍCHÁILIÚ BALL DEN CHOISTE

Scarfaidh Ball den Choiste a oifig *ipso facto*

- a) Má scoireann sé de bheith ina bhall nó
- b) Má chiontaítear é d'aon choir a bhaineann le calaois nó mímhacántacht nó ar díotáil coir ar bith nach bhfuil intrialte go hachomair seachas coir faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, nó
- c) Má bhíonn sé/sí as láthair ó níos mó ná an tríú cuid de chruinnithe an Choiste, in aon bhliain fhéilire amháin gan cead míláithreachta speisialta a fháil ón gCoiste, nó
- d) Má dhéantar féimheach dó nó dócmhainneach air nó má chomhshocraíonn sé lena chuid/lena cuid creidiúnaithe nó
- e) Má dhéantar ball de Choiste nó Bord nó aon Chumann, Comhlacht Corpraithe nó eagraíocht gnó eile a cheapann an Coiste atá i gcomórtas leis agus a rachadh chun dochar gnó an Chumainn faoi réir Riail 26 nó a bhíonn i mbun go pearsanta i ngníomhaíochtaí den sórt sin nó
- f) Mura mbeidh sé slánmheabhrachtach mar a bheidh teistithe de réir míochaine nó atá dearbhaithe ag Cúirt dlínse inniúil
- g) Mura ceannaitheoir ionchuir é nó úsáideoir seirbhísí atá curtha ar fáil ag an gCumann ar luach mheán airgeadais i ngach bliain mar a dhearbhaíonn an Coiste ó am go ham
- h) Má thógann sé post aon oifig feidhmeannach nó áit brabús faoin gCumann tar éis clárú na rialacha seo
- i) Má thugann sé fógra míosa i scríbhinn don Choiste go bhfuil sé chun scaradh óna oifig; nó
- j) Mura bhfuil a Shuibscríbhinn Bliantúil íoctha aige.

52. NÓS IMEACHTA TOGHCHÁIN

Cuirfear an Riail seo i bhfeidhm ag aon chruinniú a mbeidh toghchán Ball nó Baill chuig an gCoiste nó an Cathaoirleach nó Leasuachtarán ar bun de bhun Riail 43 & 47 faoi seach.

- a) Beidh an Rúnaí nó aon duine eile atá údaraithe ag an gCoiste ag feidhmiú mar cheann comhairimh le haghaidh gach cruinniú toghchána a bheidh ag an gCumann faoin Riail seo.

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

- b) Is ballóid rúnda a bheidh sa vótáil ag gach cruinniú toghchán an Chumainn faoin Rialachán seo. Ní bheidh cathaoirleach an chruinniú i dteideal an dara vóta réitigh a chaitheamh ma tá vótaí cothroma in aon toghchán.
- c) Beidh gach ball cáilithe den Choiste i dteideal vóta a chaitheamh agus ní bheidh cead ag aon duine níos mó ná aon vóta amháin a chaitheamh in aon bhallóid.
- d) Má fhaigheann iarrthóir níos mó ná leath de na vótaí bailí a caitheadh fógrófar tofa é, ar an gcoinníoll mura mbeidh ann ach dhá iarrthóir agus go bhfuil leath na vótaí bailí a caitheadh faighte ag an mbeirt cuirfidh an ceann comhairimh ar chrannchur é agus tarraingeoidh sé ainm iarrthóir amháin, a fhógrófar bheith tofa, d'ainneoin nach bhfuair sé níos mó ná leath na vótaí bailí a caitheadh.
- e) Mura bhfaigheann aon bhall níos mó ná leath na vótaí bailí is féidir an iarrthóir a fuair an líon is lú de na vótaí bailí a dhíbirt ón toghchán le haghaidh an folúntas ábhartha (agus má fhaigheann níos mó ná iarrthóir amháin an líon is lú de na vótaí bailí a caitheadh cuirfidh an ceann comhairimh ar chrannchur é agus tarraingeoidh sé ainm iarrthóir amháin a dhíbreofar ón toghchán don fholúntas ábhartha) agus beidh ballóid eile ann i measc na n-iarrthóirí atá fanta (nó an mhéid acu nach bhfuil a gcuid ainmneacha tarraingthe siar acu) agus mar sin de go dtí go bhfógrófar iarrthóir tofa de réir alt d) thuas.
- f) Má tá níos mó ná folúntas amháin le líonadh trí phróiseas toghchána ag aon chruinniú, comórfar babhta nó babhtaí eile de réir an nós imeachta thuas tar éis an chead duine a bheith tofa, go dtí go mbeidh gach folúntas líonta.

Beidh an chumhacht ag an gCoiste rialacháin agus buanordaithe dá leithéid a dhéanamh, gan a bheith neamhréireach le forálacha na Rialacha seo, de réir mar is riachtanach nó inmhianaithe le haghaidh stiúradh na gcruinnithe a mbeidh toghchán ar bun iontu.

XI BAINISTEOIR, RÚNAÍ, CUNTAIS BANC

53. BAINISTEOIR

Is féidir leis an gCoiste luach saothair Bainisteoir a bheidh freagracht aige don Choiste le haghaidh stiúradh gnó agus cúrsaí an Chumainn a cheapadh, a chur as oifig agus a shocrú, ar an gcoinníoll, áfach, gurb é an t-aon chaoi ar féidir an

Bainisteoir a dífhostú ná le vóta dhá thríú de na baill a bheidh i láthair agus ag vótáil ag cruinniú Coiste speisialta a thugtar fógra i scríbhinn do gach ball ar a laghad seacht (7) lá roimhe. Déanfaidh an Rúnaí comóradh ar a leithéid de chruinniú speisialta ar iarratas nach lú ná aon tríú de bhaill an Choiste agus sa chás go dteipfeadh ar an Rúnaí ar feadh seacht (7) lá an cruinniú speisialta a chomóradh, is féidir le duine eile den Choiste é a chomóradh.

Is féidir leis an gCoiste údarás a thabhairt do Bhainisteoir faoi choinníollacha den sórt sin mar a chinnfidh sé chun fostaithe ar stádas níos ísle sa Chumann a cheapadh agus a chur as oifig agus a luach saothair a shocrú.

54. RÚNAÍ

Is féidir leis an gCoiste Rúnaí a cheapadh agus a chur as oifig, ar féidir leis bheith ina bhall den Choiste chomh maith, faoi réir Riail 44 nó forálacha eile a dhéanamh mar a mheastar bheith caoithiúil le haghaidh obair rúnaíochta a chomhlíonadh, agus téarmaí luach saothair a shocrú (más ann dóibh). Beidh feidhmeanna agus cumhachtaí agus luach saothair den sórt sin ag an Rúnaí mar a shocróidh an Coiste ó am go ham. Beidh an nós imeachta i gcás dífhostú an Rúnaí díreach mar a chéile leis sin a leagadh amach i Riail 53 le haghaidh dífhostú an Bhainisteora. Is féidir leis an duine céanna post an Bhainisteora agus an Rúnaí a choinneáil.

55. CUNTAS BAINC

Beidh an chumhacht ag an gCoiste mar a chinnfidh sé cuntas nó cuntais a oscailt agus a oibriú le haon chuideachta bainc a ghlacann sé leis.

XII CLEAMHNÚCHÁIN AGUS TOBHAIGH

56. CLEAMHNÚCHÁIN

Féadfaidh an Cumann, faoi rogha an Choiste Bainistíochta, cleamhnú leis an CCE agus a leithéid de tháillí cleamhnúcháin a íoc mar a bheidh aontaithe idir an CCE agus an Cumann. Sa chás go gcleamhnófaí an Cumann leis an CCE, beidh leabhair agus cuntais an Chumainn ar fáil d'imscrúdú aon ionadaí creidiúnaithe cuí an CCE i rith uaireanta oibre. Ar íocaíocht an táille cleamhnúcháin aontaithe, beidh an Cumann i dteideal pribhléidí a fháil mar atá le fáil ón CCE ó am go ham.

57. TOBHAIGH

Féadfaidh an Coiste, mar gheall ar chúiseanna ballraíochta, ag gach am airgead agus tobhaigh a ghearradh agus aon airgead agus tobhaigh a íoc don Chumann in aon eagraíocht a bhfuil a rialacha nó meamram agus airteagail a chuireann ar an gCumann nó Cuideachta a leithéid d'airgead nó tobhaigh a íoc agus féadfaidh sé a leithéid de shocraithe a dhéanamh a shíleann sé atá inmhianaite chun na suimeanna seo a bhailiú.

XIII OIBLEAGÁIDÍ REACHTÚLA, ILGHNÉITHEACH

58. DÍOSPÓIDÍ

- a) Cuirfear isteach le haghaidh eadráin chuig Coiste an CCE aon díospóid idir an Cumann agus ball den Chumann nó aon duine a bhfuil cúis gearáin acu nár éirigh as a bhallraíocht sa Chumann ar feadh níos mó ná sé mhí, nó aon duine atá ag éileamh trína leithéid de bhall nó duine a bhfuil cúis gearáin acu nó a rinne éileamh faoi rialacha an Chumainn, mura ndéanfar ceartú cairdiúil eatarthu, a dhéanfaidh eadráin ar an gcás iad féin nó ceapfaidh siad duine éigin nó daoine chun eadráin a dhéanamh ar a son.
- b) Beidh costais na headráine ar an té a chinnfidh Coiste an CCE, agus taiscfear suim den sórt sin a chineann an Coiste air roimh éisteacht an cháis. Is é an cinneadh a dhéanfar ar gach eadráin an cinneadh deiridh agus beidh sé ceangailteach ar gach páirtí gan achomharc, agus ní bheidh siad in ann é a bheith so-bhainte in aon chúirt dlíthiúil agus ní chuirfear srian air le húrghaire agus is féidir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Cuarda é a fhorghníomhú. Ní thagrófar aon díospóid chuig an gCláraitheoir.

59. LEASAITHE AR RIALACHA

- a) Is féidir Rialacha a dhéanamh, a athrú, a chealú nó a leasú le vóta tromlaigh dhá thrian de na baill a bheidh i láthair agus ag vótáil ag Cruinniú Ginearálta ar glaodh chun na críche sin.
- b) Ní dhéanfar aon Riail nua agus ní dhéanfar inroghnú nó athrú orthu go dtí go mbeidh cead an CCE faighte i scríbhinn faoi réir an nóta réamhfhachtóra sna Rialacha seo, agus go dtí go mbeidh téacs leis na Rialacha nua nó leasaithe beartaithe scaipthe timpeall leis an bhfógra a chomórfaidh an cruinniú.

- c) Déanfar clárú mar is gá ar gach athrú nó leasú le Cláraitheoir na gCara-Chumann agus ar chláru dóibh, eiseofar le rialacha an Chumainn iad ar feadh an am i láthair.

60. AINM

Beidh ainm cláraithe an Chumainn le feiceáil in áit feiceálach ag oifig chláraithe an Chumainn agus in aon áit eile a bheidh gnó an Chumainn á dhéanamh ann agus priontálfar é ar gach comhfhreagras a dhéanann an Cumann.

61. SÉALA

Beidh ainm an Chumainn greanta i litreacha inléite ar shéala, a bheidh i gcúram an Rúnaí. Is faoi údarás Rún an Choiste amháin a bhainfear úsáid as agus dearbhófar é le síniú beirt bhall den Choiste agus síniú an Rúnaí.

62. RÚIN SPEISIALTA

Is féidir leis an gCumann, trí Rún Speisialta de réir na forálacha in Alt 51(a) den Acht um Chumann Tionscail agus Soláthair 1893, mar a leasaíodh é:

- a) A ainm a athrú;
- b) Cónaisc a dhéanamh ar ghealltanais nó iad a aistriú chuig Chumann nó Cuideachta eile, nó aistriú cosúil leis sin a ghlacadh;
- c) É fhéin a thiontú ina Chuideachta;
- d) Díscaoileadh go toilteanach trí Rún chun foirceannadh faoi na hAchtanna Cuideachta.

Beidh vótáil ar Rúin Speisialta ar bhunús vóta amháin in aghaidh gach ball a bheidh i láthair agus a bheidh ag vótáil.

63. INIÚCHÓIR & CUNTAIS

- a) Cuirfear Cuntais an Chumainn isteach, chomh maith le Clár Comhardaithe a thaispeánann na hadmhálacha, caiteachas, cistí agus maoin an Chumainn, agus gach dearbhán riachtanach, uair sa mbliain le haghaidh iniúchadh chuig duine de na hIniúcháirí Poiblí atá údaraithe faoi Alt 187 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 a roghnófar de réir Rial 29 agus nach mbeidh in oifig eile a bhfuil baint ag an gCumann leis.

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

- b) Beidh rochtain ag an Iniúchóir ar gach cuntas, leabhar, gníomhas, doiciméad agus dearbhán an Chumainn agus cuirfidh sé i láthair ráitis na gcuntas i bhfhoirm dá shórt agus ar feadh tréimhsí mar a ordáíonn na hAchtanna. Comhlíonfaidh sé go cuí na hoibleagáidí a ghabhann ar iniúcháirí poiblí, agus bainfidh sé sult as na cearta atá bronnta, faoi na hAchtanna agus na Rialacháin (lena n-áirítear dearbhú tuairisceán tríbhliantúil na scairshealbhóirí atá riachtanach faoi Alt 4 d'Acht 1913) agus déanfaidh sé obair eile a cheapann an Bord a bhfuil gá leis. Beidh an chumhacht ag an mBord luach saothair agus costais an Iniúcháira a shocrú le haghaidh obair den sort sin a mbeidh air a dhéanamh .
- c) Ceapfar an Iniúchóir gach bliain ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil agus beidh cáilíocht aige é a athcheapadh.
- d) In ábhar céard atá curtha ar fáil as seo amach, beidh Iniúchóir atá ag dul ar scor ag aon Chruinniú Ginearálta Bliantúil, is cuma cén chaoi ar ceapadh é, agus ceapfar é gan aon rún a rith ach amháin:
 - i) Mura bhfuil sé cáilithe do cheapachán; nó
 - ii) Má ritheadh rún ag an gcruinniú ag ceapadh duine éigin seachas é ina áit nó;
 - iii) Má tá ar a laghad 28 lá fógra i scríbhinn tugtha aige do Rúnaí an Chumainn nach mian leis go n-athcheapfaí é.
- e) Nuair a thugtar fógra ar rún atá beartaithe chun duine eile a cheapadh in áit Iniúchóir atá ag dul ar scor agus nuair is bás, éagumas nó dícháilíocht an duine sin is cúis nach féidir dul i mbun an rúin, ní hathcheapfar an Iniúchóir atá ag dul ar scor láithreach de thairbhe alt (d) thuas.
- f) Beidh ar a laghad fógra seacht lá i scríbhinn ag teastáil ón gCumann le haghaidh rún ag Cruinniú Ginearálta Speisialta an Chumainn chun duine a cheapadh mar Iniúchóir seachas Iniúchóir atá ag dul ar scor agus go gcuirfear in iúl nach athcheapfar an Iniúchóir atá ag dul ar scor. Cuirfidh an Cumann cóip de sin ar aghaidh láithreach chuig an Iniúchóir atá ag dul ar scor chomh luath is a gheobhaidh siad fógra do rún dá leithéid atá leagtha amach.
- g) Nuair a thugtar fógra a bheartaíonn nach mbeidh an Iniúchóir atá ag dul ar scor á athcheapadh féadfaidh an Iniúchóir atá ag dul ar scor ionadaíochta i scríbhinn a chur os comhair an Chumainn agus is féidir leis iarratas a dhéanamh go gcloisfí ó bhéal é ag an gcruinniú nó féadfaidh sé iarratas a

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

dhéanamh go léifear na hionadaíochta ag cruinniú an Chumainn, ar an gcoinníoll nach bhforléireofar aon rud ann a chinnteodh bolscaireacht neamhriachtanach d'ábhar clúmhilleach.

- h) Beidh an chumhacht ag an gCoiste aon fholúntas atá ar fáil anois nó a bheidh ag tarlú in oifig an Iniúcháir a líonadh go dtí an chéad Cruinniú Ginearálta Bliantúil eile.

64. TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL

Cuirfidh an Coiste ar aghaidh chuig an Cláraitheoir, roimh an 31 Márta gach bliain, an Fhoirm Tuairisceána Bliantúla a chlúdaíonn an tréimhse agus beidh sé sa mhodh atá leagtha síos sna hAchtanna agus sna Rialacháin, chomh maith le Tuairisc gach Iniúcháir agus Clár Comhardaithe a rinneadh i rith an tréimhse a áirítear sa tuairisceán.

65. TUAIRISCEÁN TRÍBHLAINTÚIL

Ar a laghad uair amháin gach trí bliana, déanfaidh an Coiste Tuairisceán Speisialta agus cuirfear chuig an Cláraitheoir é, in éineacht leis an Tuairisceán Bliantúil a bheidh sínithe ag an Iniúcháir ag taispeáint ar an dáta ar cuireadh an Tuairisceán Bliantúil luaite le chéile gabháltas gach duine sa Chumann.

66. CÓIPEANNA DEN TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL

Seachadfar cóip de gach Tuairisceán Bliantúil gan chomaoín ar iarratas chuig gach ball nó duine a bhfuil suim acu i geistí an Chumainn.

67. CLÁR COMHARDAITHE

Coinneofar cóip den Chlár Comhardaithe Bliantúla deiridh don am i láthair, chomh maith le Tuairisc an Iniúcháir, crochta in áit feiceálach in oifig chláraithe an Chumainn.

68. RIALACHA

Cuirfear cóip de Rialacha an Chumainn ar fáil d'aon duine a dhéanann éileamh orthu agus a íocann suim 5 cent lena n-aghaidh.

69. SCRÚDÚ AR CHUNTAIS AG BAILL

Is féidir le haon bhall nó duine a bhfuil suim acu i gcistí an Chumainn scrúdú a dhéanamh ar a chuntas féin agus ar Chlár na mBall ag oifig chláraithe an Chumainn i rith uaireanta gnó.

70. SCRÚDÚ AN CHLÁRAITHEORA

Is féidir le haon deich mball, de réir Alt 18 de na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893 cur chuig an Cláraitheoir chun cuntasóir a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh ar leabhair an Chumainn agus chun tuairisciú orthu.

71. IARRATAS CHUIG CLÁRAITHEOIR

Is féidir le baill iarratas a dhéanamh chuig an Cláraitheoir faoi réir na hAchtanna:

- a) Iniúchóir amháin no níos mó a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh ar ghnó an Chumainn agus tuairisc a dhéanamh orthu; nó
- b) Cruinniú Speisialta an Chumainn a lorg.

XIV LEITHDHÁILEADH BARRACHAIS

72. IARRATAS BARRACHAIS

Cuirfear i bhfeidhm aon bharrachas nó brabús a eascraíonn ón gCumainn sa mhodh céanna gach bliain mar a cinneadh sa Chruinniú Ginearálta ach in aon chás gan dul thar leithdháileadh den sórt mar a mholfaidh an Coiste chuig an gCruinniú Ginearálta. Féadfar an barrachas nó brabúis a chur i bhfeidhm i gceann de na bealaigh seo a leanas nó iad uile;

- a) Cúl chiste ginearálta a chruthú agus a choinneáil le haghaidh síneadh agus forbairt an Chumainn;
- b) Bónas a íoc le baill ag tabhairt san áireamh an méid trádáil a rinne siad leis an gCumann i rith na bliana airgeadais roimhe;
- c) Díbhinn a íoc le scairshealbhóirí suas go luach nach bhfuil níos mó ná an luach sin a rinne na baill sa Chruinniú Ginearálta cinneadh air ó am go ham ar mholadh an Choiste Bainistíochta;

- d) Maoiniú a chur ar fáil le haghaidh cúiseanna sóisialta nó carthanúla nó le haghaidh seirbhísí ábhartha i measc na mball agus an phobail go ginearálta.

73. SCAIREANNA BÓNAIS

Beidh sé de réir an dlí ag an gCumann i gCruinniú Ginearálta ar mholadh an Choiste aon pháirt den Bharrachas Bliantúil nó aon mhéid atá i gcreidmheas i gCuntas Cúltaca an Chumainn a chur chun leithdháileadh scaireanna bónais atá íoctha go hiomlán sa Chumann chuig na baill sa Chumann ar a leithéid de théarmaí agus faoi réir coinníollacha mar a chinnfidh an Cumann atá cóir lena n-áirítear scaireanna bónais a eisiúint a bhaineann le trádáil Ball den Chumainn go hiomlán nó go páirteach. Chomh maith leis sin beidh sé de réir an dlí ag an gCumann i gCruinniú Ginearálta ar mholadh an Choiste scaireanna bónais a eisiúint atá bunaithe ar ghabháltas atá ann anois ach déanfar idirdhealú idir an scairchaipiteal atá ann faoi láthair ar bhunús an ama a mbeadh an scairchaipiteal sin ann, ar an gcoinníoll go bhfuil sé beartaithe aon leithdháileadh ar scaireanna bónais den sórt a mholadh ag aon Chruinniú Ginearálta Bliantúil nó Speisialta agus go mbeidh an moladh sin san Fhógra chun an cruinniú a chomóradh.

VI FÓGRA CRUINNITHE

74. EISIÚINT FÓGRA

Beidh sé intuigthe go mbeidh fógra cuí de gach cruinniú, rún nó ábhar eile ag gach ball a gcaithfear fógra a thabhairt dó nó a sheirbheáil air in ábhar na Rialacha seo, nuair a chuirfear an fógra sa phost nó chuig an seoladh cláraithe Ball den sórt sin nó nuair a fhoilseofar i bpáipéar nuachtán nó meáin cumarsáide áitiúil eile é de réir mar is cuí faoi réir fhorálacha na Rialacha seo.

75. BAILL TAOBH AMUIGH D'ÉIRINN

- a) Féadfaidh le ball nach bhfuil a sheoladh cláraithe i bPoblacht na hÉireann fógra a thabhairt ó am go ham i scríbhinn don Rúnaí dá sheoladh i bPoblacht na hÉireann, a mheasfar mar a sheoladh cláraithe laistigh de mhíniú Rialacha 28 & 31.
- b) Maidir leis na baill sin nach bhfuil aon sheoladh cláraithe acu i bPoblacht na hÉireann cuirfear suas fógra in oifig chláráithe an Chumainn a mheasfar a

Rialacha Comharchumainn Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta

bheith seirbheáilte go maith orthu tar éis fiche ceathair uair an chloig a bheith caite dó bheith curtha in airde.

76. FÓGRA CHUIG COMH-SCAIRSHEALBHÓIRÍ

Tabharfar gach fógra, maidir le haon Scair a bheidh daoine i dteidlíocht orthu go comhpháirteach, don chomh-scairshealbhóir atá ainmnithe ar an gcéad duine sa Chlár, agus beidh an fógra sin dóthanach de gach sealbhóir ar Scaireanna dá leithéid.

Foirm A. Iarratas ar Ghnáthscaireanna do Dhuine Aonair

Ainm an Chumainn: **Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta**

Déanaimse an sínitheoir, iarratas leis seo le haghaidh Gnáthscaireanna Inaistrithe €1 sa Chumann atá ainmnithe thuas, agus aontaíonn mé na híocaíochtaí a bhaineann le rialacha an Chumainn a íoc maidir leis seo, agus oibleagáid a bheith orm faoi na Rialacha sin agus aon rialachán a dhéantar faoi. Glacaim gach eolas a theastaíonn ón gCumann i gcomhair an iarratas seo a mheas a chur ar fáil.

Síniú an Iarratasóra:

Gairm Bheatha:

Seoladh:
.....
.....
.....

Dáta:

Guthán:

Fón Póca:

Ríomhphost:.....

Finné:

Gairm Bheatha:

Seoladh:
.....
.....
.....

Dáta:

Foirm B. Iarratas ar Scaireanna do Chumann nó Comhlacht Corpraithe Eile

Ainm an Chumainn: **Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta**

Cuirimid, na sínithe thíos, rúnaí agus dhá bhall den Choiste/Bord Teo a nglaofar an iarratasóir air as seo amach, de bhua rún arr dáta iarratas leis seo ar a shon le haghaidh Gnáthscaireanna Inaistrithe €1 i gCumann Teo, go ndéanfaidh an t-iarratasóir aontú maidir le gach íocaíocht ar gá a íoc maidir le rialacha an Chumainn atá ainmnithe thuas agus freagracht a bheith orthu faoi na Rialacha sin agus aon rialachán a dhéanfar faoi agus tabhairt faoi gach eolas a bhfuil gá a chur ar fáil a theastaíonn ón gCumann chun an t-iarratas seo a mheas.

Dá fhianú sin tá ár n-ainmneacha sínithe againn anseo le húdarás an iarratasóra.

Sínithe ar son an Chumainn / Chuideachta Teo. (scrios de réir mar is feiliúnach) a bhfuil a oifig chláraithe ag

.....
.....
.....
.....

Ball den Choiste/Bord..... Dáta:

Ball den Choiste/Bord Dáta:

RÚNAÍ DÁTA:

Guthán:

Fón Póca:.....

Ríomhphost:.....

Foirm C. Foirm chun aistriú a dhéanamh idir Daoine Aonair

Ainm an Chumainn: **Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta**

Rinneadh an t-uirlis seo, ar an lá de 20____ idir

.....

as

agus

.....

as.....

finnéithe i gcomaoin suim €..... a d'íoc an

.....sin chugam,

déanamse, an duine ráite.....

leis seo aistriú chuig an duine ráite

seo.....

a Sheiceadóirí, Riarthóirí agus sannfaidh, na Gnáthscaireanna, atá

comhartha anois ag

seasamh i m'ainm i leabhair an Chumainn atá ainmnithe thuas, chun na scaireanna atá

ráite a choinneáil ar na coinníollacha céanna atá agamsa anois; agus go nglacann

mise, an duine

ráite.....

leis na scaireanna ráite, faoi réir na coinníollacha ráite.

Dá fhianú sin tá ár sínithe socraithe againn.

..... Ainm an Aistreoir

..... Ainm an Aistrí

Foirm D. Foirm chun Aistriú a dhéanamh idir Cumainn nó Comhlachtaí corpraithe eile

Ainm an Chumainn: **Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta**

Rinneadh an t-uirlis seo, ar an..... lá de
20..... idir, díoltóir, an pháirt amháin,
agus an Teoranta, bunaithe ag
..... a nglaofar an
ceannaitheoir air as seo ar aghaidh, don pháirt eile, i gcomaoin €..... a
d'íoc an ceannaitheoir chuig an díoltóir, fíniú go ndéanfaidh an díoltóir aistriú as seo
amach ar na..... scaireanna atá a uimhriú.....
atá anois in ainm na díoltóra i leabhair an Chumainn ata ainmnithe thuas, chuig an
gceannaitheoir agus sannta ag ceannaitheoir den sórt sin, chun an rud céanna a
choinneáil ar na coinníollacha céanna atá ag an díoltóir; agus go nglacann an
ceannaitheoir na scaireanna ar na coinníollacha atá ráite. Dá fhianú sin tá séalaí na
Cumainn ráite iniata anseo, le rúin an Choiste, a bhfuil dáta an lá de agus
an lá de faoi seach.

Ball an Choiste Dáta:

Ball an Choiste Dáta:

Rúnaí Dáta:
.....Séala an Díoltóra

Ball an Choiste Dáta:

Ball an Choiste Dáta:

Rúnaí Dáta:

.....Séala an Cheannaitheora

Foirm E. Foirm Ceapacháin Toscaire

Ainm an Chumainn: **Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta**

Molaimid agus ceapaimid, na sínithe thíos,

_____ le húdarás rún a

Choiste/Bord a bhfuil dáta air:

.....

.....as

chun ionadú a dhéanamh ar an gCumann/Cuideachta/Comhlacht Corpraithe ag gach cruinniú den Chumann atá ainmnithe thuas, agus vótáil mar gheall ar sin go dtí go dtarraingeofar siar nó go ndéanfar cealú ar an údarás seo.

Dá fhianú sin le seála an Chumainn/Chuideachta Teo..... a

daingníodh leis seo ar an _____ lá de _____ 200__

_____ Stiúrthóir/Ball den Choiste

_____ Stiúrthóir/Ball den Choiste

_____ Rúnaí

Foirm F: Foirm Ainmniúcháin

[De bhun na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893 –1978]

Is ball mise de **Chumann****Teoranta**,
a ainmníonn
Seoladh.....
....., agus líon.....(*cur isteach líon na scairsealbhóirí sa Scairchláir*) sa Chumainn ráite, an duine seo a leanas mar an duine (*nach bhfuil an t-ainmní ina oifigeach ná ina fhreastalaí den Chumainn, más rud é nach fear céile, bean chéile, athair, máthair, gasúr, deartháir, deirfiúr, nia nó neacht liomsa é, an t-ainmnitheoir*) a n-aistreofar mo chuid scaireanna uile sa Chumann chuige, nó an suim a dtéann in ionann an méid láníochta ar mo chuid scaireanna, ag am mo bháis.¹

Ainm an Ainmní;

Seoladh:

Sínithe;(Síniú an Ainmnitheora)

Sínithe; (Síniú Finné an Ainmniúcháin)

Dáta

AISGHAIRM²

Déanaimse anseo,..... aisghairm ar an ainmniúchán thuas.

Sínithe:

Finné.

Dáta:

¹ Nuair nach gcomhlíonann an t-ainmní critéir an Chumainn don bhallraíocht íocfar luach na scaireanna a ainmníodh chuig an ainmní.

Ó Iúil 2005 is é uasmhéid scairsealbhóireacht ar féidir a aistriú le hainmniúcháin ná €15,000 agus is féidir le hainmnitheoir níos mó ná ainmní amháin a bheith aige suas go dtí an luach sin ina iomlán.

² : Is féidir le hainmnitheoir ag aon am roimh a bhás/a bás aisghairm a dhéanamh ar a fhoirm ainmniúcháin tríd an mír aisghairme san fhoirm seo a líonadh. Déanfaidh Pósadh Ainmnitheora aisghairm ar an bhfoirm Ainmniúcháin láithreach.

IS IAD SEO A LEANAS RIALACHA AN CHUMAINN SEO

Ainm an Chumainn: **Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teoranta**

Oifig Chláraithe:

1.Ball
2. Ball
3. Ball
4. Ball
5. Ball
6. Ball
7. Ball

RÚNAÍ:

DÁTA:

[Nóta: Nuair a bheidh na Rialacha seo in úsáid chun Cumann nua a chlárú teastóidh sínitheoirí seachtar Ball Speisialta agus an Rúnaí (a d'fhéadfadh bheith ar dhuine den seachtar). Sa chás sin cuir isteach an focal 'Speisialta' i ndiaidh an fhocail ball thuas.

Nuair a bheidh na Rialacha in úsáid chun leasú iomlán a chlárú ar rialacha an Chumainn atá ann cheana féin agus nuair a bheidh an leasú iomlán sin ceadaithe ag Cruinniú Ginearálta Speisialta, is leor síniú triúr ball den Chumainn chomh maith leis an larratasóir (An Rúnaí de ghnáth).

ADMHÁIL CLÁRAITHE